2024/1746

24.6.2024

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1746 ón gComhairle

an 24 Meitheamh 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Sna conclúidí uaithí an 21 agus an 22 Márta 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle tacaíocht dhaingean an Aontais Eorpaigh do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, agus athdhearbhaig sí ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí a thuilleadh fós chun cumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a threisiú.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 69 dhuine agus 47 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1755.	Aram Ashotovich GABRELYANOV (Арам Ашотович ГАБРЕЛЯНОВ)	Feidhm: Bolscaire; bunaitheoir agus; stiúrthóir eagarthóireachta Life.ru Dáta breithe: 10.8.1961 Áit bhreithe: Derbent, an Dagastáin, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 770204507032	Tá Aram Gabrelyanov ina bholscaire Rúiseach atá gar don Chreimil. Tá bolscaireacht ionsaitheach á scaipeadh aige trí bréagnuacht agus mífhaisnéis á scaipeadh chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is é bunaitheoir agus stiúrthóir eagarthóireachta thairseach nuachta Life é, atá anois ar cheann de shiombailí na bolscaireachta gan scrupall. Labhair sé féin go hionsaitheach agus ar bhealach claonta i gcoinne údaráis na hÚcráine a toghadh go daonlathach agus leag sé béim i gcónaí ar a thacaíocht iomlán do bheartas ionsaitheach na Rúise i leith na hÚcráine. Bhí baint ghníomhach aige leis an iliomad tionscadal a rinneadh i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil le haghaidh speisialtóirí sna meáin, mar shampla “Acadamh na Mothúchán” arna chistiú ag Ciste an Uachtaráin do Thionscnaimh Chultúrtha, agus a bunaíodh chun an cogadh a chur chun cinn. Bainistíonn a chuideachta Mash foilseacháin réigiúnacha de chuid thionscadal bolscaireachta Mash. Déanann sé urraíocht freisin ar thionscadal WarGonzo Z-military, a bhfuil a chomhfhreagraithe ag déanamh bolscaireachta i gcoinne na hÚcráine ó thús an chogaidh. Dá bhrí sin, tá Aram Gabrelyanov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1756.	Vadim Vladimirovich YAKOVENKO (Вадим Владимирович ЯКОВЕНКО)	Feidhm: Ceann na Gníomhaireachta Cónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit (Rosimushchestvo) Dáta breithe: 2.1.1970 Áit bhreithe: Sochi, Krasnodar Krai, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 232008937900	Tá Vadim Yakovenko ina Cheann ar Ghníomhaireacht Chónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit (Rosimushchestvo), ar comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme Rúiseach é, a bhainistíonn maoin chónaidhme, a eagraíonn díol maoine cónaidhme atá le príobháidiú agus díol maoine a urghabhadh i gcomhréir le cinneadh ón gcúirt nó le treoracha gníomhaireachtaí eile. Tá Rosimushchestvo freagrach as rialú a ghlacadh ar shócmhainní iomadúla an Iarthair le Foraithne Uimh. 302 “Maidir le Bainistiú Sealadach Maoine Áirithe” arna síniú ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Síníodh an fhoraithne sin chun feidhmiú cobhsaí earnáil fuinnimh na Rúise agus oibriú gan bhriseadh cuideachtaí a bhfuil tionchar suntasach acu ar gheilleagar na Rúise a áirithiú. Ina theannta sin, cuireann Rosimushchestvo go mór le hioncam Chónaidhm na Rúise. Ina cháil mar Cheann Rosimushchestvo, tá Vadim Yakovenko ag tacú, go hábharach agus ó taobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ghníomhach ag Rosimushchestvo le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise le cabhair a thabhairt do chríocha Donbas na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Ina cháil mar Cheann Rosimushchestvo, tá Vadim Yakovenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1757.	Oleg Valerievich MORGUN (Олег Валерьевич МОРГУН)	Feidhm: Méara Mariupol mar a ghairtear de Dáta breithe: 19.3.1967 Áit bhreithe: Sadkovtsy, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ó mhí na Samhna 2023, tá Oleg Morgun ina Mhéara ar chathair Mariupol, mar a ghairtear de, cathair atá faoi rialú agus faoi fhorghabháil údaráis na Rúise. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'ionláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1758.	Alexander Alexeyevich MOISEYEV (Александр Алексеевич МОИСЕЕВ)	Feidhm: Aimiréil; Ardcheannasaí gníomhach Chabhlach na Rúise Dáta breithe: 16.4.1962 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é an tAimiréal Alexander Moiseyev Ardcheannasaí gníomhach Chabhlach na Rúise ón 10 Márta 2024. Mar sin, tá sé freagrach as aon oibríocht mhuirí de chuid chabhlach na Rúise, lena n-áirítear i gcoinne na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1759.	Aleksandr Vladimirovich LUZYANIN ar a dtugtar freisin Alexander LUZYANIN (Александр Владимирович ИВАНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Hydromash Dáta breithe: 27.11.1959 Áit bhreithe: Daon-Phoblacht na Síne Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 526002444457	Is é Aleksandr Luzyanin Ard-Stiúrthóir JSC Hydromash, príomhfhiontar Rúiseach a fhorbraíonn agus a tháirgeann fearais tuirlingthe, sorcóirí hiodrálacha agus aonaid hiodrálacha do gach cineál feiste aerárthaí agus a dhéanann tástáil orthu. Glacann an chuideachta páirt i mbeagnach gach tionscadal intíre maidir le tógáil aerárthaí (i réimsí sibhialta agus míleata araon). Comhlíonann JSC Hydromash orduithe cosanta stáit na Rúise, agus úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise a chuid táirgí (fonnadh agus aonaid hiodrálacha eile). Ag deireadh 2022, fuair Aleksandr Luzyanin litir admhála ó Chathaoirleach Choiste Cosanta Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise as a rannchuidiú mór pearsanta chun ullmhacht comhraic Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise a neartú. Ós rud é gurb é Aleksandr Luzyanin Ard-Stiúrthóir JSC Hydromash, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1760.	Vladimir Grigorievich GURBICH (Владимир Григорьевич ГУРБИЧ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC NPO RZ Dáta breithe: 19.7.1948 Áit bhreithe: Karaganda, APSS (an Chasacstáin anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is é Vladimir Gurbich Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) NPO PRZ. Tá JSC NPO PRZ cuid den Almaz Antey concern. Déanann JSC NPO PRZ trealamh radair do thrúpaí aerchosanta a mhonarú, a dheisiú agus a nuachóiriú, i gcás roinnt táirgí is é an t-aon mhonaróir atá ann. I dteannta comhpháirtithe, táirgeann sé córais agus stáisiúin radair, córais aeróige agus trealamh radair de chineálacha éagsúla atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Vladimir Gurbich ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC NPO PRZ.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1761.	Viktor Viktorovich BRANCHUGOV (Виктор Викторович БРАНЧУГОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC NPO MRTZ Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is é Viktor Branchugov Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) NPO MRTZ. Tá JSC NPO mar chuid den Almaz Antey concern. Is iad príomhtháirgí JSC NPO MRTZ comhpháirteanna radar soilsithe agus treoraithe na gcóras aerchosanta, post ceannais na gcóras aerchosanta, na gcóras lainseála, trealamh cogaíochta leictreonaí agus bunáiteanna deisiúcháin soghluaiste. Baintear úsáid as roinnt mhaith de na táirgí sin i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Viktor Branchugov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC NPO MRTZ.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1762.	Valery Evgenyevich TYULIN (Валерий Евгеньевич ТЮЛИН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC FNPTS NNIIRT Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is é Valery Tyulin Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) FNPTS NNIIRT. Tá JSC FNPTS NNIIRT mar chuid den Almaz Antey concern. Baintear úsáid as aimsitheoirí 1L125 “Niobium-SV”, cuid den tsraith aimsitheoirí “Nebo”, a chruthaigh JSC FNPTS NNIIRT, sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Tá radar nua á fhorbairt ag JSC FNPTS NNIIRT le haghaidh aerchosaint mhíleata, a bhfuil an t-ainmniú “Niobium-SV” anois air. Tá na radar nua sin seo in úsáid ag arm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Valery Tyulin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC FNPTS NNIIRT.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1763.	Nikolai Anatolyevich KALIK (Николай Анатольевич КАЛИК)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC GPTP GRANIT Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is é Nikolai Kalik Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) GPTP GRANIT. Tá JSC GPTP GRANIT mar chuid den Almaz Antey concern. Is é Cabhlach na Mara Duibhe de Chónaidhm na Rúise a imscaradh I gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine príomhchliant JSC GPTP GRANIT. Ní hamháin go ndéanann JSC GPTP GRANIT trealamh míleata a dheisiú, ach déanann sé cothabháil ar chórais nua-aimseartha frith-aerárthaí atá ag dul i mbun seirbhíse. Déanann JSC GPTP GRANIT faireachán ar oibriú na gcóras nua Triumph S-400 agus S-300 PM agus soláthraíonn sé seirbhís d'aonaid mhíleata na bhfórsaí talún. Dá bhrí sin, tá Nikolai Kalik ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC GPTP GRANIT.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1764.	Andrey Vladimirovich GUDIN (Андрей Владимирович ГУДИН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC MZ RIP Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is é Andrey Gudin Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) MZ RIP, atá mar chuid den Almaz Antey concern. Táirgeann JSC MZ RIP córais aerchosanta, radar, trealamh radaloingseoireachta agus trealamh cianrialaithe raidió, airm agus armlón agus córais chumarsáide – córais ar baineadh úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá MZ RIP ina chomhalta de Chumann Thionscal Cosanta réigiún Vladimir freisin. Dá bhrí sin, tá Andrey Gudin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC MZ RIP.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1765.	Oleg Yurievich MARTYNOV (Олег Юрьевич МАРТЫНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC DNPP Dáta breithe: 20.11.1954 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Oleg Martynov Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic (JSC) DNPP. Tá JSC DNPP mar chuid den Almaz Antey concern. Is é príomhghníomhaíocht PJSC “DNPP” táirgí cosanta ardteicneolaíochta a chruthú agus a tháirgeadh d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a imscartar i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Oleg Martynov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC DNPP.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1766.	Yaroslav Yuryevich DRONOV (Ярослав Юрьевич ДРОНОВ) Ainm stáitse: Shaman	Feidhm: Amhránaí Dáta breithe: 22.11.1991 Novomoskovsk, Réigiún Tula, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 711616076420	Is amhránaí Rúiseach é Yaroslav Dronov. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ghlac sé páirt arís agus arís eile i gceolchoirmeacha a d'eagraigh an Chreimil, lena n-áirítear ócáid sa Chreimil chun an cogadh sin a chomóradh agus reáchtáil sé ceolchoirmeacha i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, lena n-áirítear mar chuid d'imeachtaí chun siamsaíocht a chur ar fáil do thrúpaí Fhórsaí Armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn Yaroslav Dronov le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1767.	Olga Pavlovna KOLUDAROVA (Ольга Павловна КОЛУДАРОВА)	Feidhm: Aire Gníomhach Oideachais agus Eolaíochta “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di. Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 16.12.1983 Áit bhreithe: Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: baineann	Tá Olga Koludarova ina hAire Oideachais agus Eolaíochta i “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di. Tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt leanaí ón Úcráin chun athoideachas a chur orthu i gCónaidhm na Rúise. Ina cláir athoideachais, oibríonn sí go dlúth le Ramsan Kadyrov agus “Movement of the First”, eagraíocht óige faoi stiúir an stáit i gCónaidhm na Rúise, a cruthaíodh i mí na Nollag 2022, ar thionscnamh ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun gníomhaíochtaí oideachais a sholáthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí de chineál míleataithe, do leanaí idir 6 bliana d’aois agus 18 mbliana d’aois, bunaithe ar “spriocanna traidisiúnta spioradálta agus morálta na Rúise”. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag Olga Koludarova reachtaíocht Dhaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di, agus Chónaidhm na Rúise a shioncrónú i réimse an oideachais. Dá bhrí sin, tá Olga Koludarova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1768.	Konstantin Sergeyevich NURIEV (Константин Сергеевич НУРИЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir R-Stroy LLC Dáta breithe: 27.9.1987 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Konstantin Nuriev Ard-Stiúrthóir R-Stroy LLC, cuideachta a fuair conarthaí rialtais na Rúise chun cathair Mariupol, atá faoi rialú na Rúise faoi láthair, a atógáil. Tá sé ag feidhmiú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, gan cead ó údaráis na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1769.	Nikolay Alexandrovich MILKIS (Николай Александрович МИЛЬКИС)	Feidhm: Úinéir na cuideachta R-Stroy LLC Dáta breithe: 4.9.1970 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Nikolay Milkis úinéir tromlaigh R-Stroy LLC, cuideachta a fuair conarthaí rialtais na Rúise chun cathair Mariupol, atá faoi rialú na Rúise faoi láthair, a atógáil. Tá sé ag feidhmiú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, gan cead ó údaráis na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'ionláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1770.	Andrei Viktorovich KAZAKOV (Андрей Викторович КАЗАКОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Gníomhach Novorossiya Railways Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Krasnouralsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Andrei Kazakov Ard-Stiúrthóir Gníomhach Novorossiya Railways, cuideachta a cruthaíodh le foraithne ó Rialtas Chónaidhm na Rúise an 29 Bealtaine 2023 chun iarnróid chríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia nach bhfuil faoi rialú rialtas na hÚcráine a chomhdhlúthú agus iad a aistriú faoi rialú údaráis na Rúise. Tá Novorossiya Railways á mhaoiniú le buiséad cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Is é is cuspóir don chuideachta naisc iompair mhalartacha a chruthú, ar féidir iad a úsáid ansin chun ábhar míleata a iompar, i measc nithe eile, lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1771.	Andrey Anatolyevich GIBA (Андрей Анатольевич ГИБА)	Feidhm: Leas-Cheann Roinn Imscrúdaitheach Sheirbhís Slándála Cónaidhme na Rúise do Sevastopol agus don Chrimé Dáta breithe: 3.11.1976 Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach agus Úcránach Inscne: fireann Seoladh: An Úcráin, An Chrimé, Simferopol district, Davidovo village, 37, Lesnaya str., 31A Bespalova str Uimhir pas idirnáisiúnta: ET218941 Pasuimhir: EC301368	Is é Andrey Giba Leas-Cheann Roinn Imscrúdaitheach Sheirbhís Slándála (FSB) Cónaidhme na Rúise sa Chrimé agus in Sevastopol. Sa phost sin, bhí sé i gceannas ar imscrúduithe a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne lucht freasúra polaitiúil sa Chrimé agus in Sevastopol, arna n-ionghabháil go neamhdhleathach. Rinne sé na himscrúduithe freisin sna trialacha a bhain leis an iriseoir Vladyslav Yesypenko. Sa chomhthéacs sin, bhí baint aige leis na feachtais ghéarleanúna chórasacha lena ndírítear ar phobal Tatarach na Crimé mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1772.	Sergey MAKHNIOV (Сергей МАХНЕВ)	Feidhm: Imscrúdaitheoir Sinsearach le haghaidh cásanna a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i Roinn Imscrúdaitheach Roinn FSB Chónaidhm na Rúise do Phoblacht na Crimé agus do Sevastopol. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergey Makhniov an t-Imscrúdaitheoir Sinsearach le haghaidh “cásanna a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo” i Roinn Imscrúdaitheach Sheirbhís Slándála (FSB) Cónaidhme na Rúise sa Chrimé agus i Sevastopol. Sa phost sin, bhí sé i gceannas ar imscrúduithe a raibh údar polaitiúil leo orthu siúd a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol. Is é a rinne na himscrúduithe i dtrialacha Rustem Sheikhaliyev agus príosúnach polaitiúil eile sa Chrimé freisin. Sa chomhthéacs sin, bhí baint aige leis na feachtais ghéarleanúna chórasacha lena ndírítear ar phobal Tatarach na Crimé mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1773.	Anatoliy SOLIN (Анатолий СОЛИН)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Anatoliy Solin. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, agus cinntí ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Anatoliy Solin a d'ionchúisigh Amet Suleymanov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1774.	Hanna Serhiyivna TUROBOVA ar a dtugtar freisin: Anna Sergeyevna TUROBOVA (Анна Сергеевна ТУРОБОВА)	Feidhm: Ionchúisitheoir Oifig Ionchúisitheora na Crimé Dáta breithe: 10.8.1969 Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is ionchúisitheoir in Oifig Ionchúisitheora na Crimé í Hanna Turobova. Sa phost sin, d'ionchúisigh sí triúr Finnéithe Iehova os comhair Chúirt Uachtarach na Crimé a cuireadh faoi chois mar gheall ar a gcreideamh reiligiúnach. Chuir sí cúiseanna os comhair na cúirte freisin i gcoinne an iriseora agus an ghníomhaí um chearta an duine, Irina Danilovich, as beartais agus gníomhaíochtaí a rinne Cónaidhm na Rúise sa Chrimé agus in Sevastopol, arna n-ionghabhadh go neamhdhleathach, a cháineadh. Tá Hanna Serhiyivna ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1775.	Igor Borisovich AKSYONOV (Игорь Борисович АКСЕНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir “Volga-Dnepr” LLC Dáta breithe: 20.11.1971 Áit bhreithe: Baikonur, APSS (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 732800052176	Tá Igor Aksyonov ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Tá cabhlach Grúpa Volga Dnepr comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group, lena n-áirítear Volga Dnepr Airlines LLC, fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Igor Aksyonov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1776.	Nikolai Alekseevich KOROBKO (Николай Алексеевич КОРОБКО)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir the Volga Dnepr Group Dáta breithe: 14.1.1950 Áit bhreithe: Solenoye, Kalmykia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 73280006066724 Pasuimhreacha: 7301193828, 0710012691	Is é Nikolai Korobko Ard-Stiúrthóir Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Grúpa Volga Dnepr comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige agus seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Nikolai Korobko ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1777.	Sergey Adolfovich DYACHKOV (Сергей Адольфович ДЬЯЧКОВ)	Feidhm: Scairshealbhóir comh-urlámhais de Volga Dnepr Dáta breithe: 26.5.1959 Áit bhreithe: Réigiún Ulyanovsk, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 73280738648127 Pasuimhreacha: 7304273188, 7301381541	Tá Sergey Dyachkov ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais (le scair 25 %) Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach an Ghrúpa Volga Dnepr comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, agus seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise ina chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Groups fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Sergey Dyachkov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1778.	Valery Alexandrovich GABRIEL (Валерий Александрович ГАБРИЭЛЬ)	Feidhm: Scairshealbhóir comh-urlámhais de Volga Dnepr Group Dáta breithe: 3.1.1956 Áit bhreithe: Starobelsk, réigiún Luhansk, an Úcráin Náisiúntacht: Rúiseach, Gearmánach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 732808701175 Pasuimhreacha: 7314052448, 7303853921, 719078124	Tá Valery Gabriel ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais (le scair 25 %) Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines, LLC a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, agus seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Groups fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Valery Gabriel ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1779.	Marina Veniaminovna GARTUNG ar a dtugtar freisin Marina HARTUNG (Марина Вениаминовна ГАРТУНГ)	Feidhm: Scairshealbhóir tromlaigh PJSC “CHKPZ”; úinéir LLC “Robot Plant”; úinéir LLC “Hartung” Dáta breithe: 26.12.1961 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 744800870894	Is í Marina Gartung ina scairshealbhóir tromlaigh in Cuideachta Comhstoic Phoiblí “Chelyabinsk Forge and Press Plant” (PJSC “CHKPZ”), ceann de na fiontair cheannródaíocha Rúiseacha sa tionscail tógála meaisíní agus gaibhnithe. Tá gníomhaíochtaí PJSC CHKPZ in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Chónaidhm na Rúise . In 2012, chuaigh PJSC “CHKPZ” isteach i gComhlachas Fiontar Choimpléasc Míleata-Tionsclaíoch Réigiún Chelyabinsk. Faoin ordú cosanta stáit, táirgeann an chuideachta seo sliogáin le haghaidh armlón airtléire atá ceaptha lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é gurb í Marina Gartung ina scairsealbhóir tromlaigh in PJSC “CHKPZ”, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sí go hábharach agus ó taobh airgeadais de le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, tá baint aici lena fear céile Valery Karlovich Gartung agus lena mac Andrey Valerievich Gartung.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1780.	Andrey Valerievich GARTUNG (Андрей Валерьевич ГАРТУНГ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir PJSC “CHKPZ” Dáta breithe: 11.7.1982 Áit bhreithe: Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 744805045750	Is é Andrey Gartung Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic Phoiblí “Chelyabinsk Forge and Press Plant” (PJSC “CHKPZ”), ceann de fiontair cheannródaíocha na Rúise sa tionscail tógála meaisíní agus gaibhnithe. Tá gníomhaíochtaí PJSC CHKPZ in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Chónaidhm na Rúise. In 2012, chuaigh PJSC “CHKPZ” isteach i gComhlachas Fiontar Choimpléasc Míleata-Tionsclaíoch Réigiún Chelyabinsk. Faoin ordú cosanta stáit, táirgeann sí sliogáin le haghaidh armlón airtléire atá ceaptha lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é gurb é Andrey Gartung Ard-Stiúrthóir PJSC “CHKPZ”, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1781.	Vadim Alexandrovich SARDANOV (Вадим Александрович САРДАНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir sealadach JSC “103 Armored Repair Plant” Dáta breithe: 14.12.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 752404428886	Is é Vadim Sardanov Ard-Stiúrthóir sealadach Cuideachta Comhstoic (JSC) 103 Armored Repair Plant, cuideachta a dhéanann sainchúram den chuid is mó de thancanna agus d’fheithiclí armúrtha a dheisiú agus a chothabháil. Is é an fiontar deisiúcháin agus nuachóirithe feithiclí armúrtha is mó i gCian-Oirthear na Rúise, atá lonnaithe i sráidbhaile Atamanovka i gCríoch Transbaikal. Fuair an gléasra ordú ón rialtas chun 800 tanc a dheisiú agus a nuachóiriú sna 3 bliana amach romhainn. Mhol oifigigh rialtais an obair atá á déanamh ag an ngléasra chun tancanna T-62 a baineadh as stóras a dhéanamh réidh do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir JSC 103 Armored Repair Plant, tá Vadim Sardanov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1782.	Vildan Khanifovich ZINUROV (Вильдан Ханифович ЗИНУРОВ)	Feidhm: Scairshealbhóir comh-urlámhais de Volga Dnepr Group Dáta breithe: 30.1.1964 Áit bhreithe: ceantar Pokhvistnevsky, réigiún Samara, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 732500186500 Pasuimhreacha: 7308664347, 7303853009	Tá Vildan Zinurov ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais (le scair 25 %) Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An 124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines, LLC a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Groups fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Vildan Zinurov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1783.	Igor Vladimirovich KOSTIN (Игорь Владимирович КОСТИН)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas de chuid Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 23.8.1982 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas de chuid Chónaidhm na Rúise é Igor Kostin. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le cinntí a bunaíodh ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, d'ionchúisigh Igor Kostin baill éagsúla de Tatars na Crimé, mar shampla, Seytumer Seytumerov, Osman Seytumerov, Rustem Seytmemetov agus Amet Suleimanov, chomh maith le príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1784.	Aleksandr Aleksandrovich MORDOVIN (Александр Александрович МОРДОВИН)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Aleksandr Mordovin. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le cinntí a bunaíodh ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Aleksandr Mordovin a d'ionchúisigh Osman Arifmemetov, Amet Suleimanov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1785.	Oleg Aleksandrovich YEGOROV ar a dtugtar freisin: Oleg Aleksandrovich EGOROV (Олег Александрович ЕГОРОВ)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Oleg Egorov. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le cinntí a bunaíodh ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Oleg Egorov a d'ionchúisigh Rustem Seytmemetov, Osman Seytumerov, Seytumer Seytumerov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1786.	Igor Vladimirovich NADOLINSKIY (Игорь Владимирович НАДОЛИНСКИЙ)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas de chuid Chónaidhm na Rúise. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas de chuid Chónaidhm na Rúise é Igor Nadolinskiy. Sa phost sin, is é a d'ionchúisigh baill éagsúla de phobal Tatarach na Crimé, cuir i gcás Emil Ziyadinov, chomh maith le príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1787.	Vadim Nikolaevich MERKULOV (Вадим Николаевич МЕРКУЛОВ)	Feidhm: Ceann Aonad Saineolaithe Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise don Chrimé agus do Sevastopol Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Ceann aonad saineolaithe Seirbhís Slándála Cónaidhme (FSB) Chónaidhm na Rúise don Chrimé agus do Sevastopol é Vadim Merkulov. Sa phost sin, is é a d'ionchúisigh Amet Suleymanov, ball de phobal Tatarach na Crimé, agus príosúnaigh pholaitiúla eile de chuid na Crimé. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1788.	Sergey Vyacheslavovich VINNIK (Сергей Вячеславович ВИННИК)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise é Sergey Vinnik. Sa phost sin, is é a d'ionchúisigh baill éagsúla de phobal Tatarach na Crimé, cuir i gcás Tymur Ibrahimov agus Seyran Saliyev, chomh maith le príosúnaigh pholaitiúla eile. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1789.	Anna Yurevna LUZHANSKAYA ar a dtugtar freisin: Anna Yuryevna LUZHANSKAYA ar a dtugtar freisin: Anna Yurevna LUZHANSKAYA (Анна Юрьевна ЛУЖАНСКАЯ)	Feidhm: bunaitheoir LLC TC “Fly Bridge” Dáta breithe: 3.6.1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 773770174460	Is í Anna Luzhanskaya bunaitheoir allmhaireoir leictreonaice Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Cuideachta Teicneolaíochta “Fly Bridge”. (LLC TC “Fly Bridge”). A bhuí le scéim lóistíochta bhunaithe, seachadann an chuideachta earraí (micrishliseanna) atá faoi réir smachtbhannaí ón gcoigríoch chuig an gcoimpléasc tionsclaíoch míleata Rúiseach a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I bhfianaise smachtbhannaí an iarthair, tá tacaíocht shuntasach tugtha ag Rialtas na Rúise do chuideachtaí uile na Rúise a bhfuil baint acu leis an tionscal micrileictreonaice, rud a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis d’iarrachtaí na Rúise sa chogadh. Ós rud é gurb í Anna Luzhanskaya bunaitheoir LLC TC “Fly Bridge”, tá sí freagrach as a gníomhaíochtaí sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sí go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá sí ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1790.	Vyacheslav Rafaelevich MANUCHAROV (Вячеслав Рафаэлевич МАНУЧАРОВ)	Feidhm: Láithreoir teilifíse, blagálaí, aisteoir amharclainne agus scannáin Rúiseach. Dáta breithe: 6.10.1981 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is láithreoir teilifíse, blagálaí agus aistreoir Rúiseach é Vyacheslav Manucharov. Tá clár ar a dtugtar “Empatiya Manuchi” á óstáil aige. Tugann Vyacheslav Manucharov údar leanúnach le fogha na Rúise faoin Úcráin agus freagraíonn a ráitis phoiblí faoin Úcráin le reitric oifigigh agus bolscairí na Rúise. In 2023, bhronn Aireacht Cosanta na Rúise bonn air “as éachtaí a rinne sé san obair mhíleata-pholaitiúil”. Tríd an gclár “Empatiya Manuchi”, scaipeann sé insintí i gcomhréir le bolscaireacht na Creimile. Bhí Manucharov ina ionadaí iontaofa ag an Uachtarán Vladimir Putin in 2018 agus 2024 i dtoghcháin uachtaránachta Chónaidhm na Rúise agus thug sé cuairt roinnt uaireanta ar na réigiúin san Úcráin atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach chun bolscaireacht na Creimile a scaipeadh. Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Manucharov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1791.	Aimani Nesievna KADYROVA (Аймани Несиевна КАДЫРОВА)	Feidhm: Uachtarán Regional Public Foundation, a ainmníodh i ndiaidh laoch de chuid na Rúise, Akhmat Kadyrov Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 4.8.1953 Áit bhreithe: Sráidbhaile Kurgamys, ceantar Sherbakty, réigiún Pavlodar (an Chasacstáin anois) Inscne: baineann Seoladh: Chechen Republic, Gudermes Kommunisticheskaya str. 9 Uimhir Aitheantais Chánach: 200602168574	Is í Aimani Kadyrova an tUachtarán ar Kadyrov Foundation. Cuireann Kadyrov Foundation cláir athoideachais i gcrích do leanaí agus do dhéagóirí na hÚcráine, cláir ina gcuirtear iad faoi réir oiliúint mhíleata agus é mar aidhm acu iad a choimhthiú óna dtír dhúchais agus óna ngaolta. Ina theannta sin, cuireann Kadyrov Foundation dreasachtaí airgeadais ar fáil do theaghlaigh na dtrodaithe Seisniacha a bhfuil baint acu le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun saorálaithe nua a mhealladh agus chun iad siúd atá ag troid cheana féin a spreagadh a thuilleadh. Ó thús an chogaidh fhoghaigh, tá bia agus trealamh teicniúil curtha ar fáil ag Kadyrov Foundation do throdaithe Rúiseacha agus scarúnaithe san Úcráin. Sa cháil sin, tá Aimani Kadyrova ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá idirbhearta á ndéanamh aici leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine agus tá baint aici le Ramzan Akhmadovitch Kadyrov.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1792.	Ivan Sergeevich KUSOV (Rúisis: Иван Сергеевич КУСОВ Úcráinis: Іван Сергійович КУСОВ)	Feidhm: Aire Oideachais agus Eolaíochta “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear de. Náisiúntacht: Úcránach Dáta breithe: 24.1.1987 Áit bhreithe: Cathair Semipalatinsk, Kazakh SSR (Semey, an Chasacstáin anois) Inscne: fireann	Is é Ivan Kusov Aire Oideachais agus Eolaíochta, “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear de. Tá baint aige le fuadach leanaí agus tacaíonn sé go gníomhach le hathoideachas leanaí na hÚcráine agus é mar aidhm iad a choimhthiú óna dtír dhúchais agus óna ngaolta. Dá bhrí sin, tá Ivan Kusov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1793.	Dmitriy Fedorovich MEZENTSEV (Дмитрий Федорович МЕЗЕНЦЕВ)	Feidhm: Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus na Bealarúise Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 18.8.1959 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann An áit a meastar ina bhfuil sé: Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 770302996102	Is é Dmitriy Mezentsev Státrúnaí an Aontais, Stát na Rúise agus na Bealarúise. Sa cháil sin, tá Mezentsev ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá díbirt neamhdhleathach go dtí an Bhealarúis agus athoideachas leanaí Úcránacha á n-éascú aige. Tá na gníomhaíochtaí atá á saothrú ag Mezentsev mar chuid de straitéis níos leithne de chuid Chónaidhm na Rúise chun saoránaigh na hÚcráine a dhíbirt go neamhdhleathach, straitéis a bhfuil Poblacht na Bealarúise comhpháirteach inti. Ó chuir sí tús lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, d'aistrigh an Rúis a lán sibhialtach de chuid na hÚcráine chuig limistéir faoi fhorghabháil na Rúise, chuig an Rúis féin agus chuig an mBealarúis agus is minic a dhiúltaigh sí gluaiseacht shábháilte do na sibhialtaigh sin nó a chuir sí bac ar ghluaiseacht shábháilte go dtí na codanna sin den Úcráin atá faoi rialú ag an rialtas. Tá Mezentsev ar dhuine de na ceannairí sinsearacha a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt agus a fhuadach le forneart ón Úcráin go dtí an Bhealarúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Mezentsev cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, cuireann Dmitriy Mezentsev gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1794.	Alexander Sergeevich LUKYANOV ar a dtugtar freisin: Alyaksandr Syargeevich LUKYANAŬ (Rúisis: Александр Сергеевич ЛУКЬЯНОВ Belarúisis: Аляксандр Сяргеевіч ЛУК'ЯНАЎ)	Feidhm: Príomh-Rúnaí Choiste Lárnach Belarusian Republican Youth Union Náisiúntacht: Bealarúiseach Dáta breithe: 10.6.1989 Áit bhreithe: Mogilev, APSS (Poblacht na Bealarúise anois) Inscne: fireann An áit a meastar ina bhfuil sé: Poblacht na Bealarúise	Is é Aleksandr Lukyanov Príomh-Rúnaí Choiste Lárnach Belarusian Republican Youth Union . Sa cháil sin, tá Lukyanov ag cuidiú le díbirt agus athoideachas neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá athoideachas neamhdhleathach leanaí Úcránacha ar chríoch na Bealarúise á éascú aige. Tá na gníomhaíochtaí atá á saothrú ag Lukyanov mar chuid de straitéis níos leithne de chuid Chónaidhm na Rúise chun saoránaigh na hÚcráine a dhíbirt go neamhdhleathach, straitéis a bhfuil Poblacht na Bealarúise comhpháirteach inti. Ó chuir sí tús lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, d'aistrigh an Rúis a lán sibhialtach de chuid na hÚcráine chuig limistéir faoi fhorghabháil na Rúise nó chuig an Rúis féin agus is minic a dhiúltaigh sí gluaiseacht shábháilte do na sibhialtaigh sin nó a chuir sí bac ar ghluaiseacht shábháilte go dtí na codanna sin den Úcráin atá faoi rialú ag an rialtas. Sáraíonn gníomhaíochtaí Lukyanov cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, cuireann Aleksandr Lukyanov gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1795.	Maria Aleksandrovna KISELYOVA ar a dtugtar freisin: Maria Aleksandrovna KISELEVA (Мария Александровна КИСЕЛЁВА)	Feidhm: Teachta de chuid Dhúma Chathair Mhoscó, láithreoir teilifíse, iar-lúthchleasaí. Dáta breithe: 28.9.1974 Áit bhreithe: Kuybyshev, APSS (Samara, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 772802341806	Is í Maria Kiselyova Ionadaí Dhúma Chathair Mhoscó. Tá baint ghníomhach aici le gníomhaíochtaí bolscaireachta ghluaiseacht Fronta Uile-Rúise an Phobail. Mhol sí go poiblí go ndéanfadh Fronta an Phobail feachtas trealamh a sheachadadh d'arm na Rúise lena úsáid ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. I réigiún Oryol, bhronn sí dámhachtainní ar shaoránaigh a thug tacaíocht d'arm na Rúise lena n-úsáid ina chogadh. Ina ráitis phoiblí, chosain sí go leanúnach cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus d'iarr sí go mbeadh an bua ag an Rúis. Thug sí cuairt freisin ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Mar ionadaí de chuid Dhúma Chathair Mhoscó, thacaigh sí le tacaíocht shóisialta a leathnú chuig teaghlaigh saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt sa chogadh foghach. Dá bhrí sin, tá Maria Kiselyova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aici le Fronta Uile-Rúise an Phobail.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1796.	Elena Aleksandrovna KULIKOVA (Елена Александровна КУЛИКОВА)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “Inkotech” Dáta breithe: 24.6.1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 781425184469	Is í Elena Kulikova Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “Inkotech”. Is soláthróir Rúiseach é LLC “Inkotech” de chomhpháirteanna leictreonacha allmhairithe agus de chláir ciorcad phriontáilte ar leibhéil éagsúla. Seachadann an chuideachta táirgí ar nós comhpháirteanna leathsheoltóra agus micreathonnacha ón gcoigríoch chuig na fiontair is mó i gcoimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é gurb í Elena Kulikova Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “Inkotech”, tá sí ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1797.	Andrei Evgenyevich KLYCHKOV (Андрей Евгеньевич КЛЫЧКОВ)	Feidhm: Gobharnóir Réigiún Oryol Dáta breithe: 2.9.1979 Áit bhreithe: Kaliningrad, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 390406666037	Is é Andrey Klychkov Gobharnóir réigiún Oryol. Ina ról mar Ghobharnóir, tá baint aige le leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis. Thug sé cuairt ar champaí sa Rúis ar seoladh leanaí ón Úcráin chucu agus thug sé treoir saoránacht Rúiseach a sholáthar dóibh. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Andrei Klychkov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1798.	Lyudmila Sergeevna BOLATAEVA (Людмила Сергеевна БОЛАТАЕВА)	Feidhm: Aire Forbartha Sóisialta Réigiún Mhoscó Dáta breithe: 30.1.1957 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 772373111279	Is í Lyudmila Bolataeva Aire Forbartha Sóisialta Réigiún Mhoscó. Ina ról, bhí baint aici le díbirt leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine go dtí an Rúis a eagrú. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Lyudmila Bolataeva ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1799.	Elena Igorevna MILSKAYA (Елена Игоревна МИЛЬСКАЯ)	Feidhm: Cathaoirleach Bhord na nIontaobhaithe, an Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí Thíos Leis, ar a dtugtar freisin an tIonad Náisiúnta Faireacháin um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí Gortaithe; Uachtarán Fhondúireacht Ardaingeal Dé Naomh Mícheál; Comhalta de Chomhchomhairle Saineolaithe Chiste Dheontais an Uachtaráin; Comhalta de Phainéal Saineolaithe Eolaíoch Choimisiún na Comhairle Cónaidhme um Fheabhsú an Chóid Teaghlaigh; iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhondúireacht Naomh Basil Mór; pearsa phoiblí; pearsa ghnó Dáta breithe: 20.12.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is pearsa phoiblí Rúiseach agus pearsa ghnó í Elena Milskaya, a bhfuil dlúthbhaint aici le húdaráis na Rúise. Baineann a príomhghníomhaíocht le díbirt éigeantach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis a chumasú. Tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ina bunaitheoir ar roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha a fhaigheann maoiniú rialtais. Tacaíonn sí go poiblí le beartais Uachtaráin Cónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus na Rúise a sháraíonn iomláine chríochach na hÚcráine, lena n-áirítear trí thionscadail a eagrú ar chríoch na Crimé atá faoi fhorghabháil. Thairis sin, tá baint aici le scothaicmí gnó Putin, ós rud é go bhfaigheann a gcuideachtaí maoiniú suntasach ón rialtas. Dá bhrí sin, tá Elena Milskaya freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Thairis sin, tá sí ag tacú go hábharach le cinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú oirthear na hÚcráine, agus tá tairbhe á baint aici astu; agus tá sí ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1800.	Alexander Vyacheslavovich VOIT (Александр Вячеславович ВОЙТ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC “Ulyanovsk Instrument Design Bureau” Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Alexander Voit ina Ard-Stiúrthóir ar Cuideachta Comhstoic “Ulyanovsk Instrument Design Bureau” (JSC UKBP), príomhfhorbróir agus príomh-mhonaróir trealaimh leictreonaigh aerbheirthe le haghaidh aerárthaí agus héileacaptair, córas rialaithe uathoibríoch le haghaidh hidreachumhachta, comhpháirteanna gluaisteán agus trealaimh leighis. Táirgeann JSC UKBP aonaid BFNI-1 do héileacaptair Mi-8, agus d’aonaid buamadóirí straitéiseacha Tu-160M nuachóirithe. Úsáideann arm na Rúise héileacaptair Mi-8 agus buamadóirí straitéiseacha Tú-160 araon sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, suiteáiltear comhpháirteanna arna dtáirgeadh ag JSC UKBP ar eitleáin agus ar héileacaptair Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta JSC UKBP, tá Alexander Voit ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1801.	Igor Alexeyevich ALTUSHKIN (Игорь Алексеевич АЛТУШКИН)	Feidhm: Olagarc Rúiseach, bunaitheoir an Russian Copper Company Dáta breithe: 10.9.1970 Áit bhreithe: Sverdlovsk, USSR (Ekaterinburg, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is olagarc Rúiseach é Igor Altushkin, bunaitheoir an Russian Copper Company. Tá an chuideachta ar cheann de na trí phríomhtháirgeoir copair sa Rúis, agus is earnáil eacnamaíoch a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise é copar. Cuireann Igor Altushkin airgead ar fáil d'aonad míleata Rúiseach atá ag troid san Úcráin. Tá Igor Altushkin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, mar bhunaitheoir an Russian Copper Company, tá sé rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1802.	Rodion Valeryevich MIROSHNIK (Родион Валерьевич МИРОШНИК)	Feidhm: Ambasadóir ginearálta Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise “maidir le coireanna réimeas Chív”; iar-“Ambasadóir urghnách agus lánchumhachtach” de “Daon-Phoblacht Luhansk” mar a ghairtear de, , chuig Cónaidhm na Rúise (ó mhí na Bealtaine go mí na Samhna 2022) Dáta breithe: 31.1.1974 Áit bhreithe: Voroshilovgrad, SSR na hÚcráine (Luhansk, an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Idir 2014 agus 2022, bhí Rodion Miroshnik ina pholaiteoir de “Daon-Phoblacht Luhansk” mar a ghairtear de. Ó rinne an Rúis na “poblachtaí” mar a ghairtear de a ionghabháil, tá Rodion Miroshnik sa phost mar “Ambasadóir ginearálta maidir le coireanna réimeas Chív” in Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise. I gcomhréir lena phost nua, tá sé freagrach anois as imscrúdú a dhéanamh ar na “coireanna” a mhaítear a bheith déanta ag údaráis na hÚcráine agus as na meáin agus an comhphobal idirnáisiúnta a chur ar an eolas fúthu. Mar Ambasadóir Ginearálta, is minic a labhraíonn Rodion Miroshnik ar mheáin na Rúise agus cuireann sé clár raidió i láthair. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1803.	Ibrahim Mahomedovich ACHMATOV (Ибрагим Магомедович АХМАТОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Kizlyar Electromechanical Plant Dáta breithe: 1948 Áit bhreithe, sráidbhaile Machada, an Dagastáin, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Ard-Stiúrthóir é Ibrahim Achmatov ar JSC Kizlyar Electromechanical Plant; cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise. Is speisialtóir é an gléasra i bhforbairt agus i ndéantúsaíocht córais rialaithe talún agus diagnóiseacha aerárthaí, agus i dtáirgeadh ceangaltán agus trealaimh ar bord. Táirgeann an chuideachta glas DZ-UM do throdaithe SU-25, a úsáideann fórsaí míleata na Rúise chun ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin. Comhlíonann JSC Kizlyar Electromechanical Plant orduithe cosanta stáit na Rúise. Mar Stiúrthóir Ginearálta ar JSC Kizlyar Electromechanical Plant, tá Ibrahim Achmatov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1804.	Viktor Stepanovich SILIVAKIN (Виктор Степанович СИЛИВАКИН)	Feidhm: Stiúrthóir Feidhmiúcháin OJSC Barnaultransmash Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Viktor Silivakin Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cuideachta Comhstoic Oscailte (OJSC) Barnaultransmash, ar cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é a mhonaraíonn innill díosail le haghaidh feithiclí míleata, agus is soláthróir d'fhórsaí armtha na Rúise é. Dhear agus táirgeann an chuideachta an t-inneall díosail UTD-29 a úsáidtear go príomha mar chóras tiomána don fheithicil troda coisithe BMP-3. Is iad na feithiclí sin na príomhfheithiclí troda coisithe in arm na Rúise agus bhí ról ríthábhachtach acu in ionradh na hÚcráine. Tá siad in úsáid go forleathan ag na línte tosaigh i ngach gníomh comhraic. Mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, déanann Viktor Stepanovich maoirseacht agus rialú ar an táirgeadh ag OJSC Barnaultransmash. Dá bhrí sin, ina ról tá tacaíocht ábharach nó airgeadais á tabhairt ag Viktor Silivakin do Rialtas Chónaidhm na Rúise, nó tá sé ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1805.	Vladlen Mausyrovich SHORIN (Владлен Маусырович ШОРИН)	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta JSC RT-Techpriemka Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Vladlen Shorin Stiúrthóir Ginearálta Cuideachta Comhstoic (JSC) RT-Techpriemka, ar cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é. Faoi chomhaontú le hAireacht Cosanta na Rúise, soláthraíonn an chuideachta seirbhísí deimhniúcháin do chomhpháirteanna atá dírithe ar chuideachtaí tionscail míleata Thairis sin, táirgeann JSC RT-Techpriemka cóimhiotal (amhail cineál VNS9-Sh) do chuideachtaí a tháirgeann na héileacaptair Mi-26, Mi-28 agus Ka-52. Baineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid as na héileacaptair Mi-26, Mi-28 agus Ka-52 i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar Stiúrthóir Ginearálta ar JSC RT-Techpriemka, tá Vladlen Shorin ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1806.	Taymuraz Kazbekovich BOLLOYEV (Таймураз Казбекович БОЛЛОЕВ)	Feidhm: Duine gnó; Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Baltica Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 28.2.1953 Inscne: fireann	Is uine gnó Rúiseach é Taymuraz Bolloyev a bhfuil dlúthbhaint aige le lucht ceaptha beartas na Rúise. I mí Iúil 2023, bhí an t-eintiteas Eorpach Carlsberg A/S faoi réir urghabháil sócmhainní a ordaíodh le Foraithne ón Uachtarán. Aistríodh Baltica, iar-fhochuideachta Carlsberg sa Rúis, chuig nGníomhaireacht Chónaidhme um Bainistíocht Maoine Stáit (Rosimushchestvo). Ina dhiaidh sin, ceapadh Bolloyev ina hUachtarán ar an eintiteas Baltica a urghabhadh gan toiliú ó Carlsberg A/S. Ceapadh Bolloyev, dá bhrí sin, chuig comhlachtaí rialaithe eintitis atá bunaithe sa Rúis, a bhí faoi úinéireacht nó faoi rialú eintiteas atá bunaithe san Aontas, gan toiliú na n-eintiteas de chuid an Aontais a raibh úinéireacht acu orthu nó a bhí á rialú roimhe sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1807.	Roman Viktorovich TROTSENKO (Роман Викторович ТРОЦЕНКО)	Feidhm: Fiontraí Rúiseach; comhairleoir d'Uachtarán na cuideachta Stáit Rosneft, Igor Sechin; bunaitheoir agus comhúinéir na cuideachta infheistíochta AEON Corporation. Stiúrthóir Geopromining Investment (CYP) Limited. Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 9.12.1970 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: Fireann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 771500884353/ 771500884353	Is príomhphearsa gnó é Roman Trotsenko atá ag feidhmiú sa Rúis a bhfuil leasanna gnó aige i gcuideachtaí amhiarainn agus cruaiche, guail, bonneagair agus fuinnimh. Tá Roman Trotsenko ina chomhairleoir d'Uachtarán na cuideachta Stáit Rosneft Igor Sechin. Is é bunaitheoir agus comhúinéir na cuideachta infheistíochta AEON Corporation agus Stiúrthóir Geoproming Investment (CYP) Limited é. Bíonn na cuideachtaí atá á rialú ag Roman Trotsenko, mar atá Vorkutagol JSC, ag oibriú in earnála eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, ina ról tá Roman Trotsenko ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1808.	Polina Sergeevna GAGARINA (Полина Сергеевна ГАГАРИНА)	Feidhm: amhránaí, aisteoir, scríbhneoir amhrán, mainicín Dáta breithe: 27.3.1987 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 770701954175, 311774631801199	Is amhránaí, aisteoir, scríbhneoir amhrán agus mainicín Rúiseach í Polina Gagarina. Bíonn Polina Gagarina ar stáitse go rialta faoi chuimsiú imeachtaí bolscaireachta an Stáit mar shampla chun ionghabháil neamhdhleathach ceithre réigiún san Úcráin nó comóradh ionghabháil na Crimé a cheiliúradh. Dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine. Ó thús an cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhí Polina Gagarina in ann ioncam suntasach a ghiniúint trína rannpháirtíocht go minic in imeachtaí agus i gcláir bholscaireachta státurraithe. Dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1809.	Konstantin Aleksandrovich MIKHAILIK (Константин Александрович МИХАЙЛИК)	Feidhm: Leas-Aire na hEarnála Tógála, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar an Roinn Forbartha Cúrsaí Digiteacha Dáta breithe: 18.7.1983 Áit bhreithe: Lesozavodsk, Primorsky Krai, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)	Is é Konstantin Mikhailik Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, agus tá sé i gceannas ar an Roinn Forbartha Digití. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina phost mar Leas-Aire tá beartais á gcur chun feidhme ag Konstantin Mikhailik lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1810.	Aleksey Vasilevich ERESKO (Алексей Васильевич ЕРЕСЬКО)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar an Roinn Tithíochta agus Seirbhísí Comhchoiteanna agus ar an Roinn Tionscadal Straitéiseach Dáta breithe: 26.12.1973 Áit bhreithe: Dimitrov, SSR na hÚcráine (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Aleksey Eresko an Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise atá i gceannas ar an Roinn Tithíochta agus Seirbhísí Comhchoiteanna agus ar an Roinn Tionscadal Straitéiseach. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Aleksey Eresko lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1811.	Yuriy Sergeevich GORDEEV (Юрий Сергеевич ГОРДЕЕВ)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar an Roinn Airgeadais agus Caidreamh Maoine agus an Roinn um Infheistíochtaí Caipitil Dáta breithe: 20.5.1982 Áit bhreithe: Omsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise é Yuriy Gordeev, atá i gceannas ar an Roinn Airgeadais agus Caidrimh Maoine agus an Roinn um Infheistíochtaí Caipitil. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Yuriy Gordeev lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1812.	Sergey Grigorievich MUZYCHENKO (Сергей Григорьевич МУЗЫЧЕНКО)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar an Roinn Praghsála agus Tacaíochta Acmhainní don Fhoirgníocht agus ar an Roinn Pleanála Uirbí agus Ailtireachta Dáta breithe: 1984 Áit bhreithe: Akhtubinsk, Réigiúin Astrakhan, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergey Muzychenko Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise atá i gceannas ar an Roinn Praghsála agus Tacaíochta Acmhainní don Fhoirgníocht agus ar an Roinn Pleanála Uirbí agus Ailtireachta. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Sergey Muzychenko lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1813.	Aleksandr Nikolaevich LOMAKIN (Александр Николаевич ЛОМАКИН)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar Roinn na hInnealtóireachta Tionsclaíche agus Sibhialta agus ar Roinn na nGníomhaíochtaí Ceadúnúcháin agus an Chomhair Idir-Rannaigh Dáta breithe: 1978 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Aleksandr Lomakin Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn Innealtóireachta Tionsclaíche agus Sibhialta agus ar an Roinn Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin agus Comhair Idir-Rannaigh. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad Cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Aleksandr Lomakin lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1814.	Yuriy Petrovich MUTSENEK (Юрий Петрович МУЦЕНЕК)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, i gceannas ar an Roinn Riaracháin agus ar an Roinn Dlí Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Yuriy Mutsenek Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn Riaracháin agus ar an Roinn Dlí. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Yuriy Mutsenek lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1815.	Vadim Viktorovich VASILIEV (Вадим Викторович ВАСИЛЬЕВ)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn um Chur Chun Feidhme na gClár Infheistíochta Réigiúnaí, ar an Roinn um Chomhordú Fhorbairt Shocheacnamaíoch na Réigiún agus ar an Roinn um Fhorbairt Shóisialta agus Eacnamaíoch Críoch Áirithe Dáta breithe: 1986 Áit bhreithe: Barnaul, Territory Altai, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Vadim Vasiliev Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn um Chur Chun Feidhme na gClár Infheistíochta Réigiúnaí, ar an Roinn um Chomhordú Fhorbairt Shocheacnamaíoch na Réigiún agus ar an Roinn Forbartha Sóisialta agus Eacnamaíche Críoch Áirithe. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Vadim Vasiliev lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1816.	Nikita Evgenievich STASISHIN (Никита Евгеньевич СТАСИШИН)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta, agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn Beartais Tithíochta agus ar an Roinn Forbartha Comhtháite Críoch Dáta breithe: 7.5.1986 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Nikita Stasishin Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar an Roinn Beartais Tithíochta agus ar an Roinn Forbartha Comhtháite Críoch. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Nikita Stasishin lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1817.	Valeriy Vladimirovich LEONOV (Валерий Владимирович ЛЕОНОВ)	Feidhm: Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar Roinn Cur Chun Feidhme an Tionscadail Bonneagair Speisialta Dáta breithe: 16.1.1975 Áit bhreithe: Kazan, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Valeriy Leonov Leas-Aire Foirgníochta, Tithíochta agus Fóntas Chónaidhm na Rúise, atá i gceannas ar Roinn Cur Chun Feidhme an Tionscadail Bonneagair Speisialta. Tá sé i gceannas ar bheartas na hAireachta Foirgníochta a chur chun feidhme i réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson a ionghabhadh. Seoltar fóirdheontais ó bhuiséad cónaidhme Rialtas na Rúise tríd an Aireacht Foirgníochta chun “athfhorbairt” réigiúin na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise faoi láthair a neartú. Ina cháil mar Leas-Aire, tá beartais á gcur chun feidhme ag Valeriy Leonov lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1818.	Alexey Sergeyevich GORESLAVSKY (Алексей Сергеевич ГОРЕСЛАВСКИЙ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an Institiúid um Fhorbairt Idirlín , ó 2021 i leith, iar-iriseoir agus comhalta de riarachán uachtaránachta na Rúise. Dáta breithe: 13.7.1977 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ó 2021 i leith, tá Alexey Goreslavsky ina Ard-Stiúrthóir ar an Institiúid um Fhorbairt Idirlín. In ainneoin a bheith cláraithe mar eagraíocht neamhspleách neamhbhrabúis, bunaíodh an Institiúid um Fhorbairt Idirlín le tacaíocht ó riarachán uachtaránachta na Rúise, tá dlúthbhaint aici le Rialtas na Rúise agus faigheann sí an chuid is mó dá maoiniú ó rialtas na Rúise. Sular ainmníodh é mar Ard-Stiúrthóir na hInstitiúide um Fhorbairt Idirlín, d'oibrigh Alexey Goreslavsky i riarachán uachtaránachta na Rúise agus measadh gur "coimeádaí an Idirlín de chuid na Creimile" é. Faoi stiúir Alexey Goreslavsky, tá an Institiúid um Fhorbairt Idirlín ina gné riachtanach de bholscaireacht na Creimile faoin gcogadh san Úcráin. Tá sé freagrach as go leor tionscadal a mhaoiniú a thugann údar agus glóir don chogadh, mar shampla scannáin ar son an chogaidh sraitheanna agus tionscadail Idirlín. Bhronn an sé praghas freisin ar chomhfhreagraithe cogaidh atá ar son na Creimile, a scaip bolscaireacht faoin staid oibríochtúil ar an láthair chatha. Dá bhrí sin, bhí Alexey Goreslavsky, mar Ard-Stiúrthóir ar an Institiúid um Fhorbairt Idirlín, rannpháirteach i mbolscaireacht chun tacú le gníomhaíochtaí agus beartais Rialtas na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1819.	Aleksandr Ivanovich MOROZ (Александр Иванович MOROZ)	Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta Belarusian Optical-Mechanical Association “BelOMO” Dáta breithe: 15.6.1975 Áit bhreithe: Sráidbhaile Tretyaki, ceantar Berestovitsky, réigiún Grodno, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Seoladh: Niomanskaya street, 61, ap. 10, Mionsc, an Bhealarúis Uimhir Aitheantais: 3150675A015PB3 Uimhir Aitheantais Chánach: IDI3858983	Is é Aleksandr Moroz Stiúrthóir Ginearálta Belarusian Optical-Mechanical Association “BelOMO”. Is é an tUachtarán Alexander Lukashenko a cheap é. Is cuideachta faoi úinéireacht stáit é BelOMO a oibríonn in earnáil na cosanta sa Bhealarúis, a tháirgeann agus a dhíolann treoir shúile do mhionairm, lena n-áirítear treoracha teileascópacha agus treoir shúile a bhfuil mioneangacha soilsithe ag gabháil leo. Feidhmíonn BelOMO mar chuideachta bainistíochta do roinnt eintiteas eile in earnáil na cosanta. Is fiontar eile de chuid ghabháltas BelOMO é OJSC “Minsk Mechanical Plant named after S.I Vavilov” a dhéanann sainchúram do threalamh optúil chun críoch míleata. Chóimeáil sé, an gléas coinneála tiomána rothlach PVKU-210. Is mar chuid de threoir lánléargais an PVKU-210 a úsáidtear le haghaidh samhlacha forbartha do thancanna nua-aimseartha. Soláthraítear an táirge do JSC Peleng, ar eintiteas é atá faoi réir bearta sriantacha, a sholáthraíonn treoir mhíleata don mhonarcha tanc catha Rúiseach, Uralvagonzavod. Is fiontar eile de chuid ghabháltas BelOMO é Vileyka, a dhéanann sainchúram do threalamh optúil chun críoch míleata. Monaraíonn sé treoir mhíleata, lena n-áirítear treoir mhoirtéil PM-10 agus PM-25, treoir optúil PGO-7V3 le haghaidh lansaire gránáide, treoir optúil PSO-1M2 Sniper. Úsáidtear na táirgí sin go forleathan agus, tá siad comhoiriúnach le harmra míleata a úsáideann an Rúis. Tá JSC BelOMO LEMT EMT mar chuid den gabháltas BelOMO freisin. Déanann sé sainchúram do thaighde agus forbairt, táirgeadh, agus nuachóiriú feistí optaileictreonacha agus léasair le haghaidh aerfheithiclí gan foireann, córais léasair-optúla le haghaidh córais aerchosanta, agus córais chomhtháite slándála agus cosanta teorann. Táirgeann BelOMO LEMT EMT freisin treoir optúla agus córais le haghaidh armáil éadrom, raonaimsitheoirí léasair, modúil raon-aimsithe atá bunaithe ar léasair dé-óid, agus córais rialaithe lámhaigh léasair, lena n-áirítear go sonrach le haghaidh airm na Rúise. Onnmhairíonn BelOMO LEMT EMT freisin chuig an Rúis agus tá sé ag forbairt airm léasair nua i dteannta na Rúise. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Moroz, ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta “BelOMO”, freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1820.	Ivan Ivanovitsch OKHLOBYSTIN (Иван Иванович ОХЛОБЫСТИН)	Gairm: aisteoir, stiúrthóir scannán, scríbhneoir scripte agus léiritheoir Dáta breithe: 22.7.1966 Áit bhreithe: Polenovo, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is aisteoir, stiúrthóir scannán, scríbhneoir scripte agus léiritheoir Rúiseach é Ivan Okhlobystin agus, tacaíonn sé go hoscailte le bolscaireacht Rialtas na Rúise ar son an chogaidh trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí bolscaireachta státurraithe, trí chuairt a thabhairt ar thrúpaí Rúiseacha agus ar fhórsaí scarúnaíocha a imscartar san Úcráin agus trí earraí a sholáthar dóibh. I bhfianaise na gníomhaíochtaí sin, bronnadh bonn ó reisimint "Daon-Phoblacht Donetsk", mar a ghairtear di, ar Ivan Okhlobystin as páirt a ghlacadh sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine mar aon le hOrdú Fiúntais Réigiún Zaporozhye atá faoi fhorghabháil ag an Rúis. Tacaíonn Ivan Okhlobystin go gníomhach le haitheantas a thabhairt do "Dhaon-Phoblacht Donetsk", mar a ghairtear di, agus do "Dhaon-Phoblacht Luhansk", mar a ghairtear di agus, cháin sé stát agus ceannasacht na hÚcráine go poiblí. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1821.	Mark BLATT ar a dtugtar freisin Mark BLATS ar a dtugtar freisin Mark BLATS (Марк БЛАТТ)	Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin TEXEL F.C.G. Technology Limited. Dáta breithe: 23.9.1962 Áit bhreithe: Ríge, An Laitvia Náisiúntacht: Laitviach agus Iosraelach Inscne: fireann Pasuimhir Iosraelach: 35415368 (bailí go dtí an 25.10.2031)	Is é Mark Blatt Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Texel F.C.G Technology Limited a sholáthraíonn raon leathan comhpháirteanna do chuideachtaí na Rúise LLC UNITEK agus LLC LINKOS, arb é is aidhm dóibh iad a ionchorprú i dtrealamh míleata na Rúise, mar shampla an coimpléasc taiscéalaíochta optúla leictreonacha ilfheidhmeach IRONY (raonaimsitheoir léasair le braiteoir íomháithe theirmigh, cainéal cúltaca optúil breise agus modúl GPS ag gabháil leis), a aithnítear a bheith in úsáid ag fórsaí míleata na Rúise. Feidhmíonn Texel F.C.G Technology Limited mar idirghabhálaí chun earraí Eorpacha a aistriú chuig na cuideachtaí Rúiseacha LINKOS agus UNITEK. Sa phost sin, tá Mark Blatt ag cur bac go tromchúiseach ar na forálacha ar dhul thimpeall ar fhorálacha Chinneadh 2014/512 agus Rialachán (AE) 833/2014.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1822.	Igor Vasilyevich TONKOVIDOV (Игорь Васильевич ТОНКОВИДОВ)	Feidhm: Príomhfheidhmeannach agus Ardstiúrthóir PAO “Sovcomflot” Dáta breithe: 5.1.1964 Áit bhreithe: Khabarovsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 772872084398	Is é Igor Tonkovidov Príomhfheidhmeannach agus ardstiúrthóir PAO “Sovcomflot”. Is é Sovcomflot an chuideachta loingseoireachta is mó sa Rúis, a dhéanann sainchúram d’iompar gáis leachtaithe, amhola, agus táirgí peitriliam, chomh maith le seirbhísiú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh réamhtheachtach amach ón gcósta. Díríonn Sovcomflot a chuid gníomhaíochtaí ar na lastais intíre agus, déanann sé sainchúram i ngach cuid den mhargadh is gá do thrádáil eachtrach na Rúise go háirithe. Is ceannródaí é Sovcomflot maidir le tancaeir Aframax (80 000-120 000 tonna dwt) agus tancaeir táirgí ag feidhmiú mar cheann de na príomhchuideachtaí a bhainistíonn agus a fheidhmíonn iompar muirí ola na Rúise. Is cuideachta loingseoireachta stáit de chuid na Rúise é Sovcomflot agus, dá bhrí sin, is í Cónaidhm na Rúise tairbhí deiridh sheirbhísí na cuideachta. Cuireann na seirbhísí sin foinse shuntasach ioncaim ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise, arb ionann iad agus níos mó ná 70 % den ioncam a fhaigheann an Rúis ó fhuinneamh, rud a chuireann ar chumas na Creimile an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a mhaoiniú. Dá bhrí sin, tá Igor Tonkovidov ag tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina theannta sin, tá sé páirteach san earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1823.	Vladimir Zograbovich AVETISYAN (Владимир Зограбович АВЕТИСЯН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “RBA-Management” Dáta breithe: 4.5.1955 Áit bhreithe: Réigiún Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 772005534726	Is é Vladimir Avetisyan Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management. Is cuideachta bainistíochta Rúiseach é LLC RBA-Management a sholáthraíonn seirbhísí dlí, cuntasaíochta, slándála corparáidí agus seirbhísí bainistíochta eile, agus tá sé ag obair le custaiméirí a dhéanann speisialtóireacht ar sholáthar comhpháirteanna leictreonacha. Bainistíonn LLC “RBA-Management” JSC “Compel” a ghlacann páirt i scéimeanna allmhairiúcháin le haghaidh comhpháirteanna leictreonacha agus a sholáthraíonn comhpháirteanna micrileictreonaice atá tábhachtach go straitéiseach do thionscail de chuid na Rúise, lena n-áirítear an tionscal míleata. Ós rud é gurb é Vladimir Avetisyan Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024’;

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘427.	LLC Vostochnaya Stevedoring Company ar a dtugtar freisin: VSC ar a dtugtar freisin: VSK (Общество с ограниченной ответственностью “восточная стивидорная компания” ar a dtugtar freisin: ООО “ВСК”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, réigiúin Primorsky, Nakhodka, Vnutriportovaya Street, 14 a Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Nakhodka, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 2508064833 Príomhionad gnó: Nakhodka, Cónaidhm na Rúise	Seolann LLC Vostochnaya Stevedoring Company coimeádáin i gcalafort Vostochny i réigiún Primorsky na Rúise. Sheol Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) airm agus armlón trí choimeádáin loingseoireachta chuig calafoirt Chianoirthir na Rúise, lena n-áirítear Calafort Vostochny. Tá na hairm agus an t-armlón a seoladh ó DPDC á n-úsáid ag an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é gurb é LLC Vostchnaya Stevedoring Company an chuideachta oibriúcháin maidir le coimeádáin a sheoladh chuig calafort Vostochny, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
428.	LLC R-STROY (ООО “Р-СТРОЙ”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 121357, Moscó Vereiskaya street 29, building 33, 2nd floor, room 23 Teileafón: + 79495530001 Ríomhphost: info@ooorstroy.ru Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 18.5.2022 Uimhir chlárúcháin: 1227700284470	Is cuideachta tógála é LLC R-Stroy atá i gceannas ar limistéir chónaithe Mariupol a atógáil, gníomhaíocht a bhfuair sé conarthaí rialtais ina leith ó Chónaidhm na Rúise faoi théarmaí fabhracha. Tá sé ag feidhmiú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, gan cead ó údaráis na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá R-Stroy ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
429.	Cuideachta Comhstoic “United Instrument Manufacturing Corporation” ar a dtugtar freisin: JSC “OPK”; JSC UIMC (Акционерное Общество “Объединенная Приборостроительная Корпорация”; ar a dtugtar freisin: АО “ОПК”)	Seoladh: 121357, Cónaidhm na Rúise, Moscó, Vereyskaya st., 29 building 141 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 26.3.2014 Uimhir chlárúcháin: 1147746324340 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7704859803	Is comhlacht corpraithe stáit Rúiseach é JSC “United Instrument Manufacturing Corporation” (JSC “OPK”). Is cuideachta bainistíochta speisialaithe í, a bhfuil struchtúir eolaíocha agus táirgthe thionscal raidió-leictreonach na Rúise aontaithe faoina coimirce. Tá an chuideachta comhlachaithe le cuideachtaí thionscal cosanta na Rúise (JSCs “Ruselectronics”, “NPP ‘Istok’”, agus “Concern Sozvezdie”) a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus bainistíonn sí na cuideachtaí sin. Dá bhrí sin, tá JSC “OPK” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
430.	Cuideachta Comhstoic “Scientific and Technical Center ‘ATLAS’” ar a dtugtar freisin: JSC “STC ‘Atlas’” (Акционерное Общество ‘Научно-Технический Центр “АТЛАС” ar a dtugtar freisin: АО “НТЦ’Атлас”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 127018, Moscó, 38 Obraztsova St Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 7.9.2020 Uimhir chlárúcháin: 1207700325590 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is fiontar Rúiseach é JSC Scientific and Technical Center Atlas (JSC STC Atlas) a dhéanann taighde, forbairt agus monarú ar threalamh agus bonneagar slán faisnéise agus cumarsáide a úsáidtear in earnáil na cosanta. Tá ceadúnais ag JSC STC Atlas lena gceadaítear trealamh míleata a fhorbairt agus a mhonarú. Táirgeann JSC STC Atlas fóin phóca a bhfuil sé de chumas acu teachtaireachtaí a chosaint agus a chriptiú chun tarchur slán faisnéise idir údaráis na Rúise a áirithiú. Tá ceadúnaithe ó sheirbhísí faisnéise na Rúise – SVR agus FSB – ag na gléasanna iniompartha sin. Cheannaigh Aireacht Cosanta na Rúise méid suntasach d’fhóin phóca M-633S ag a bhfuil gnéithe cumarsáide slána a dhear agus a tháirg JSC STC Atlas. Ina theannta sin, áirítear le custaiméirí JSC STC Atlas na seirbhísí faisnéise FSB agus SVR. Le gníomhaíochtaí agus trealamh JSC STC Atlas, cuirtear feabhas ar chumais oibríochtúla agus cuirtear feabhas ar shlándáil faisnéise institiúidí agus sheirbhísí míleata na Rúise. An 4 Bealtaine 2022, fuair an JSC STC Atlas deimhniú buíochais ó Uachtarán Cónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, as a chuid gníomhaíochtaí agus as a rannchuidiú le hearnáil cosanta na tíre. Dá bhrí sin, tá JSC STC Atlas ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
431.	Cuideachta Comhstoic “Research and Production Enterprise ‘Istok’ Named After A.I. Shokin” ar a dtugtar freisin: NPP Istok; ar a dtugtar freisin: JSC “NPP ‘Istok’ named after Shokin”; ar a dtugtar freisin: Public Joint Stock Company Research & Production Corporation Istok Named After AI Shokin ar a dtugtar freisin: JSC “Scientific and Production Enterprise ‘Istok’ named after A.I. Shokin” (Акционерное Общество “Научно-Производственное Предприятие ‘Исток’ имени А.И. Шокина” ar a dtugtar freisin: АО “НПП ‘Исток’ им. Шокина” ar a dtugtar freisin: НПП “Исток”)	Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 31.12.2013 Uimhir chlárúcháin: 1135050007400 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 5050108496	Is táirgeoir mór comhpháirteanna leictreonacha chun críocha spáis agus míleata é JSC “Research and Production Enterprise ‘Istok’ Named After A. I. Shokin” (JSC NPP Istok). Úsáidtear na táirgí (gléasanna micreathoinne) agus teicneolaíochtaí (ardán digiteach IIoT.Istok) a d’fhorbair an chuideachta chun críocha míleata. In 2022, rinneadh JSC “NPP ‘Istok’” a nuachóiriú agus a leathnú le cabhair ón gclár stáit “Forbairt an Tionscail Cosanta”. Dá bhrí sin, tá JSC “NPP ‘Istok’” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
432.	Cuideachta Comhstoic “103 Armored Repair Plant” ar a dtugtar freisin: (Акционерное общество “103 Бронетанковый ремонтный завод”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, réigiúin Chita, Chita district, Atamanovka village, Zavodskaya Street, 1 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: 672530, críoch Trans-baikal, réigiún Chita, 1 atamanovskoye, Atamanovka, ul. zavodskaya, d.1 Dáta clárúcháin: 11.6.2009 Uimhir Aitheantais Chánach: 7524015624 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Tá sainchúram ar JSC 103 Armored Repair Plant den chuid is mó i ndeisiú agus i gcothabháil tancanna agus feithiclí armúrtha. Is é an fiontar deisiúcháin agus nuachóirithe feithiclí armúrtha is mó i gCian-Oirthear na Rúise, atá lonnaithe i sráidbhaile Atamanovka i gCríoch Transbaikal. Fuair an gléasra ordú ón rialtas chun 800 tanc a dheisiú agus a nuachóiriú sna 3 bliana amach romhainn. Mhol oifigigh rialtais an obair atá á déanamh ag an ngléasra chun tancanna T-62 a baineadh as stóras a dhéanamh réidh don chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC 103 Armoured Repair Plant ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
433.	Nizhny Novgorod Joint-Stock Company “Hydromash” named after V.I. Luzyanin ar a dtugtar freisin: JSC Hydromash; NJSC Hydromash; Nyzhehorodske aktsionerne tovarystvo “Hidromash” imeni V.I. Luzianina (Нижегородское Акционерное Общество “Гидромаш” имени В.И. Лузянина; ar a dtugtar freisin: НАО “Гидромаш”)	Seoladh: 603022, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod, Gagarin Ave, 22 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 2.7.1990 (dáta corpraithe an 30.7.2002) Uimhir chlárúcháin: 1025203720189 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 5262008630 Ríomhphost: info@hydromash.ru Fón: + 78314337511 Suíomh gréasáin: www.hydromash.ru	Nizhny Novgorod JSC “Hydromash” named after V.I. Is fiontar ceannródaíoch Rúiseach é Luzyanin (JSC Hydromash) maidir leis an bhforbairt, táirgeadh agus tástáil ar fhearas tuirlingthe, sorcóirí hiodrálacha agus aonaid hiodrálacha do gach cineál feiste aerárthaí. Glacann an chuideachta páirt i mbeagnach gach tionscadal intíre maidir le tógáil aerárthaí (i réimsí sibhialta agus míleata araon). Comhlíonann JSC Hydromash orduithe cosanta stáit na Rúise, agus úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise a chuid táirgí (fonnadh agus aonaid hiodrálacha eile). Dá bhrí sin, tá JSC Hydromash ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
434.	Federal State Budgetary Scientific Institution "'Federal Research Center Institute of Applied Physics' A.V. Gaponov-Grekhova of the Russian Academy of Sciences" ar a dtugtar freisin IAP RAS; ar a dtugtar freisin A.V. Gaponov-Grekhov Institute of Applied Physics of the Russian Academy of Sciences; ar a dtugtar freisin Federal Research Center Institute of Applied Physics of the Russian Academy of Sciences (Федеральное Государственное Бюджетное Научное Учреждение "Федеральный Исследовательский Центр Институт Прикладной Физики им. А.В. Гапонова-Грехова Российской Академии Наук"; ar a dtugtar freisin ФИЦ ИПФ РАН)	Seoladh: 603950, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod, st. Ulyanova, 46 Cineál eintitis: Institiúid Bhuiséadach um Eolaíocht an Stáit Fheidearálaigh Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 12.4.1993 (dáta corpraithe an 11.9.2002) Uimhir chlárúcháin: 1025203020193 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 5260003387 Suíomh gréasáin: https://www.ipfran.ru/ Ríomhphost: dir@ipfran.ru Fón: + 7 (831) 436-62-02, + 7 (831) 416-06-16	Is institiúid stáit í "Federal Research Centre Institute of Applied Physics' A. V. Gaponov-Grekhova d'Acadamh Eolaíochtaí na Rúise" (IAP RAS) a n-áirítear ina príomhréimsí taighde eolaíoch leictreonaic ardchumhachta, leictridinimicí plasma, fisic léasair agus optaic neamhlíneach, agus córais chandamach. Tá IAP RAS á maoiniú ag stát na Rúise agus úsáidtear aireagáin na hinstitiúide i bpróiseáil bheacht ar ábhair, i rialú ar an bpróiseas táirgthe, agus i dtascanna míleata agus teicniúla. Sa bhreis air sin, tá ceadúnais ag IAP RAS chun airm agus trealamh míleata a chothabháil agus a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá IAP RAS ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
435.	Federal State Budgetary Educational Institution International children's Centre "Artek" (Международный детский центр "Артек")	Seoladh: Leningradskaya street, building 41, Hurzuf, Yalta, an Chrimé, an Úcráin Teil: 8 800 600 20 85 Suíomh gréasáin: https://artek.org/ Ríomhphost: center@artek.org Áit chlárúcháin: Leningradskaya street, building 41, Hurzuf, Yalta, an Chrimé, an Úcráin Dáta clárúcháin: 15.8.2014 Uimhir chlárúcháin: 9103003070 Príomhionad gnó: An Chrimé, an Úcráin	Tá Federal State Budgetary Educational Institution"International Children's Centre Artek" faoi rialú Aireacht Oideachais na Rúise ó ionghabhadh neamhdhleathach na Crimé agus chathair Sevastopol in 2014. Ó thús chogadh foghach na Rúise i coinne na hÚcráine in 2022, tá campaí á n-eagrú aige do leanaí ón Úcráin, lena n-áirítear leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil in Kherson, Donetsk, Luhansk agus Zaporizhzhia. Sna campaí sin, ullmhaíonn leanaí ábhair thacaíochta do shaighdiúirí Rúiseacha atá ag glacadh páirt sa chogadh. I gcásanna áirithe, níor ceadaíodh do leanaí Úcránacha filleadh abhaile agus cuireadh brú orthu a dtacaíocht a léiriú don Rúis. Dá bhrí sin, tá Federal State Budgetary Educational Institution "International Children's Center Artek" ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
436.	Federal State Unitary Enterprise “Novorossiya Railways” (ФГУП “Железные дороги Новороссии”)	Seoladh: Artema street 68, Donetsk, 283001, an Úcráin Teil: (+7856) 319-56-31 Suíomh gréasáin: https://gd-n.ru/ Ríomhphost: press_gdn@mail.ru Cineál eintitis: Fiontar Aonadach an Stáit Chónaidhme Áit chlárúcháin: Donetsk, an Úcráin Dáta clárúcháin: 8.6.2023 Uimhir chlárúcháin: 1239300005988 Príomhionad gnó: An Úcráin	Cruthaíodh Federal State Unitary Enterprise “Novorossiya Railways” le foraithne ó Rialtas Chónaidhm na Rúise an 29 Bealtaine 2023 chun iarnróid chríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia nach bhfuil faoi rialú rialtas na hÚcráine a chomhdhlúthú agus iad a aistriú chuig rialú Novorossiya Railways údaráis na Rúise. Tá sé á mhaoiniú le buiséad cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Is é is cuspóir don chuideachta naisc iompair mhalartacha a chruthú, ar féidir iad a úsáid ansin chun ábhar míleata a iompar, i measc nithe eile, lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Novorossiya Railways ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
437.	OJSC Ural Airlines (Уральские Авиалинии)	Seoladh: Per. Utrenniy 1G, 620025 Ekaterinburg, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Aerlíne/ Cuideachta Comhstoic Oscailte Áit chlárúcháin: Ekaterinburg, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.12.1993 Uimhreacha chlárúcháin: 6608003013 668501001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is aerlíne shibhialta Rúiseach é Ural Airlines. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chuir Ural Airlines tacaíocht lóistíochta ar fáil, go háirithe trí phearsanra míleata a iompar chuig an limistéar cogaidh le linn an chéim slógtha. Sa cháil sin, bhunaigh Ural Airlines scéim speisialta maidir le díol ticéad le hAireacht Cosanta na Rúise freisin. Dá bhrí sin tá Ural Airlines ag tacú go hábharach, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
438.	Volga-Dnepr Group ar a dtugtar freisin Volga-Dnepr Moscow (Группа компаний “Волга-Днепр”, ar a dtugtar freisin Волга-Днепр Москва’)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 41411, Moscó, Sh. Mezhdunarodnoye, 28B, Bldg. 3 Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 9.1.2016 Uimhir Aitheantais Chánach: 774301001 KPP: 7704223366 OGRN: 1027700590521	Is cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach é Volga Dnepr Group, a dhéanann sainchúram d’iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le freastal ar choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d’iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Groups fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá the Volga-Dnepr Group ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
439.	Volga-Dnepr Airlines LLC (ООО “Авиакомпания ‘Волга-Днепр’”)	Seoladh: 432064, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Ulyanovsk, Ulyanovsk, st. Karbysheva, 14 Uimhir chlárúcháin: 1077328004841	Tá Volga Dnepr Airlines LLC mar chuid den Volga Dnepr Group, grúpa ceannródaíoch de chuideachtaí Rúiseacha a dhéanann speisialtóireacht ar eitiltí lasta agus cairtfhostaithe. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Déanann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil oibríochtaí suntasacha aeir aige, agus gnó in earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Rialtas na Rúise. Soláthraíonn sé iompar leictreonaice, trealaimh TF agus cumarsáide a sholáthar, ó thríú tíortha a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a chuidíonn leis an Rúis dul timpeall ar na smachtbhannaí atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá Volga-Dnepr Airlines LLC freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
440.	Public Joint-Stock Company “Chelyabinsk Forge and Press Plant” ar a dtugtar freisin PJSC “CHKPZ” (Публичное Акционерное Общество “Челябинский Кузнечно-Прессовый Завод” ar a dtugtar freisin ПАО “ЧКПЗ”)	Seoladh: 454012, Cónaidhm na Rúise, Réigiúin Chelyabinsk, Chelyabinsk, st. Gorelova, 12 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 10.11.1993 (dáta corpraithe an 12.9.2002) Uimhir chlárúcháin: 1027402696023 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7449006184 Ríomhphost: com@chkpz.ru Fón: + 7 (351) 259-70-16 Suíomh gréasáin: https://www.chkpz.ru/	Tá PJSC “Chelyabinsk Forge and Press Plant” (PJSC “CHKPZ”) ar cheann de na fiontair cheannródaíocha Rúiseacha sna tionscail tógála meaisíní agus gaibhnithe. Tá gníomhaíochtaí PJSC CHKPZ in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Chónaidhm na Rúise In 2012, chuaigh PJSC “CHKPZ” isteach i gComhlachas Fiontar de Choimpléasc Míleata-Tionsclaíoch Réigiún Chelyabinsk. Faoin ordú cosanta stáit, táirgeann an chuideachta sliogáin le haghaidh armlón airtléire atá ceaptha lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá PJSC “CHKPZ” ag tacú go hábharach agus ó taobh airgeadais de le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag PJSC “CHKPZ” le Valery Karlovich Gartung.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
441.	PV Bridge (ООО ПВ Бридж)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 105082, Moscó, Rubtsovskaya nab., 3 p. 1 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise 105082, Moscó, Rubtsovskaya nab., 3 p. 1 Dáta clárúcháin: 29.4.2011 OGRN: 1117746345166 Príomhionad gnó: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta seachadta Lasta é PV Bridge atá lonnaithe sa Rúis. Tá baint aici le hearraí a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais a allmhairiú go comhthreomhar chuig an Rúis. Tá baint ghníomhach ag PV Bridge le dul timpeall ar smachtbhannaí trí ról an phríomhéascaitheora a ghlacadh in idirbhearta airgeadais agus seachadadh earraí toirmiscthe de chuid an Aontais chuig an Rúis trína chomhpháirtíocht le tríú tíortha araon. Dá bhrí sin, tá PV Bridge ag cur bac suntasach ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
442.	LLC TC “Fly Bridge” ar a dtugtar freisin Limited Liability Company Technology Company “Fly Bridge” (ООО ТК Флай-Бридж ar a dtugtar freisin Общество с Ограниченной Ответственностью Технологическая Компания “Флай Бридж”)	Seoladh: 141707, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Mhoscó, Dolgoprudny city, Patsaeva Ave., 7 building 1, office 28/1 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 18.6.2010 Uimhir chlárúcháin: 1105047006954 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 5008054416	Is allmhaireoir leictreonaice é LLC TC “Fly Bridge”. A bhuí le scéim lóistíochta bhunaithe, seachadann an chuideachta earraí (micrishliseanna) atá faoi réir smachtbhannaí ón gcoigríoch chuig coimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise ina ndéantar trealamh a mhonarú a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚráine. I bhfianaise smachtbhannaí an iarthair, tá tacaíocht shuntasach tugtha ag Rialtas na Rúise do chuideachtaí uile na Rúise a bhfuil baint acu leis an tionscal micrileictreonaice, rud a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis d’iarrachtaí na Rúise sa chogadh. Dá bhrí sin, tá LLC TC “Fly Bridge” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá LLC TC “Fly Bridge” ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
443.	“Engineering Center of Innovative Technologies” ar a dtugtar freisin LLC “Center of Innovative Technologies and Engineering”; ar a dtugtar freisin “Engineering Center for Innovative Technologies”; ar a dtugtar freisin LLC “CITI”; ar a dtugtar freisin “ECITECH” (ООО “Центр Инновационных Технологий и Инжиниринга”; ar a dtugtar freisin “Инженерный Центр Инновационных Технологий” ar a dtugtar freisin ООО “ЦИТИ”)	Seoladh: 141190, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Mhoscó, Fryazino city, Zavodskoy pr-d, 2, office space 632 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 26.9.2016 Uimhir chlárúcháin: 1165050054949 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 5050127869 Suíomh gréasáin: www.ecitech.ru Ríomhphost: info@ecitech.ru Teil: + 7 499 390-19-63	Déanann “Engineering Center of Innovative Technologies” sainchúram do réimse na leictreonaice raidió agus táirgeann sé línte teicneolaíochta comhtháite agus comhpháirteanna leictreonacha nua. Glacann sí páirt i scéim lóistíochta bhunaithe chun earraí (micrishliseanna) atá faoi réir smachtbhannaí a sheachadadh ón gcoigríoch chuig fiontair de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I bhfianaise smachtbhannaí an iarthair, tá tacaíocht shuntasach tugtha ag Rialtas na Rúise do chuideachtaí uile na Rúise a bhfuil baint acu leis an tionscal micrileictreonaice, rud a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis d’iarrachtaí na Rúise sa chogadh. Dá bhrí sin, tá “Engineering Center of Innovative Technologies” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá “Engineering Center of Innovative Technologies”, mar a fochuideachta, bainteach leis an allmhaireoir leictreonaice LLC TC “Fly Bridge”.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
444.	Akmat Kadyrov Foundation ar a dtugtar freisin: Kadyrov Foundation ar a dtugtar freisin: AKF ar a dtugtar freisin: Regional Public Foundation named after the hero of Russia Akhmat Kadyrov	Seoladh: Chechen Republic, Gudermes Kommunisticheskaya str. 9 Dáta Clárúcháin: 17.9.2004 Uimhir Aitheantais Chánach: 2005504830 KPP: 200501001	Cuireann Akmat Kadyrov Foundation cláir athoideachais i gcrích do leanaí agus do dhéagóirí na hÚcráine, cláir ina gcuirtear iad faoi réir oiliúint mhíleata agus é mar aidhm acu iad a choimhthiú óna dtír dhúchais agus óna ngaolta. Ina theannta sin, cuireann Akmat Kadyrov Foundation dreasachtaí airgeadais ar fáil do theaghlaigh na dtrodaithe Seisniacha a bhfuil baint acu le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun saorálaithe nua a mhealladh agus chun leanúint de spreagadh a thabhairt dóibh siúd atá ag troid cheana féin. Ó thús an chogaidh fhoghaigh, tá bia agus trealamh teicniúil curtha ar fáil ag Akmat Kadyrov Foundation do throdaithe Rúiseacha agus scarúnaithe san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Akmat Kadyrov Foundation ag tacú go hábharach agus ó thaobh airgeadais de le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, déanann Akmat Kadyrov Foundation idirbhearta leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine. Tá baint aige freisin le Ramzan Akhmadovitch Kadyrov agus Aimani Nesievna Kadyrova.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
445.	Belarusian Republican Youth Union (Rúisis: Белорусский республиканский союз молодёжи Belarúisis: Беларускі рэспубліканскі саюз моладзі)	Seoladh: 40-79 Sráid Karl Marx, Mionsc, an Bhealarúis, 220030 Cineál eintitis: Eagraíocht Neamhrialtasach Teil: 8 (017) 371 04 64 Suíomh gréasáin: http://www.brsm.by/ru Ríomhphost: okrckbrsm@gmail.com	Is eagraíocht í Belarusian Republican Youth Union sa Bhealarúis agus atá ar cheann de na príomhghníomhaithe a bhfuil baint aici le leanaí Úcránacha a dhíbirt ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach ag an mBealarúis. Bhí baint ag Belarusian Republican Youth Union le leanaí a chur faoi réir an athoideachais agus an síolteagaisc polaitiúil, chomh maith le gnéithe praiticiúla a chomhordú, mar shampla tithíocht a aimsiú do leanaí laistigh den Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Belarusian Republican Youth Union ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
446.	Limited Liability Company “Inkotech” ar a dtugtar freisin LLC “Incotech” (Общество с ограниченной Ответственностью “Инкотех” ar a dtugtar freisin ООО “Инкотех”)	Seoladh: 194100, Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, Vyborgskaya embankment, 55 k. 3 letter a, premises. 5-n Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 3.2.2016 Uimhir chlárúcháin: 1167847076825 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7811285656 Suíomh gréasáin: www.inkotech.ru Teil: 8 (812) 779-18-88 Ríomhphost: contact@inkotech.ru	Is soláthróir Rúiseach é LLC “Inkotech” de chomhpháirteanna leictreonacha allmhairithe agus de chláir ciorcad phriontáilte ar leibhéil éagsúla. Seachadann an chuideachta táirgí ar nós comhpháirteanna leathsheoltóra agus micreathonnacha ón gcoigríoch chuig na fiontair is mó de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá LLC “Inkotech” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
447.	Limited Liability Company “IQ Components” ar a dtugtar freisin LLC “IQ Components” ar a dtugtar freisin LLC “I Q Components” ar a dtugtar freisin “Ai Kyu Komponents” (Общество с Ограниченной Ответственностью “Ай Кью Компонентс” ar a dtugtar freisin ООО “Ай Кью Компонентс”)	Seoladh: 192102, Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, Salova street, 45 letter Ya, room 1N room 35 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 6.3.2019 Uimhir chlárúcháin: 1197847052963 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7816691806 Suíomh gréasáin: https://iqcomponents.ru/ Teil: 8 (812) 779-18-18 Ríomhphost: contact@iqcomponents.ru	Is allmhaireoir Rúiseach maidir le comhpháirteanna leictreonacha é LLC “IQ Components”. Seachadann an chuideachta táirgí ar nós comhpháirteanna leathsheoltóra agus micreathonnacha ón gcoigríoch chuig na fiontair is mó de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise a mhonaraíonn trealamh a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá LLC “IQ Components” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint ag LLC “IQ Components” le LLC “Inkotech”.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
448.	JSC “Aeroelektromash” ar a dtugtar freisin JSC “Aeroelectromach” (АО “Аэроэлектромаш”)	Seoladh: 127015 Moscó, Bolshaya Novodmitrovskaya str. 12, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil.: + 7 (495) 980-65-00 Ríomhphost: info@aeroem.ru Suíomh gréasáin: https://www.aeroem.ru/	Tá taithí blianta fada ag JSC “Aeroelektromash” i ndearadh trealaimh leictrigh d’innealtóireacht eitlíochta agus spáis. Bíonn sé i mbun trealamh leictreach agus córais rialaithe uathoibríocha a fhorbairt, a mhonarú agus a dheisiú le haghaidh an ábhair eitlíochta intíre. Ar na táirgí ó bhiúró dearaidh JSC Aeroelektromash tá forbairtí uathúla inmheánacha i réimse na gcóras giniúna cumhachta agus a n-aonaid le haghaidh aerárthaí, mar atá gineadóirí, trealamh lasctha agus rialaithe i réimse tiomántán leictreach ilchuspóireach, lena n-áirítear trealamh ardaithe agus iompair. Áirítear iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí breise an fhiontair: táirgeadh mótar leictreach, gineadóirí leictreacha agus claochladán leictreach, seachas le haghaidh deisiúcháin; suiteálacha núicléacha agus a gcomhpháirteanna a tháirgeadh, lena n-áirítear le haghaidh feithiclí; táirgeadh arm agus armlóin; monarú trealaimh leictrigh eile; táirgeadh páirteanna agus gabhálas le haghaidh aerárthaí agus spásárthaí. Úsáidtear páirteanna áirithe a tháirgeann JSC Aeroelektromash i héileacaptair a ghlacann páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, e.g. Mi-26, Mi-28, Mi-28N, Ka-52. Dá bhrí sin, tá JSC Aeroelektromash freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
449.	JSC Concern Avtomatika (АО "'Концерн"Автоматика'")	Seoladh: Botanicheskaya st. 25, Moscó 127106, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil: + 7(495) 250 33 33 Facs: + 7(495) 619 33 04 Ríomhphost: mail@ao-avtomatika.ru Suíomh gréasáin: https://www.ao-avtomatika.ru	Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é JSC Concern Avtomatika a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn, i measc eile, na córais armán frithdhrón. Is soláthraí JSC Concern Avtomatika d'Fhórsaí Armtha na Rúise le gunna láimhe iniompartha i gcoinne drón – Pishchal-PRO. Tá an gunna sin in úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Concern Avtomatika ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
450.	JSC Bryansk Electromechanical Plant (Брянский электромеханический завод ar a dtugtar freisin АО БЭМЗ)	Seoladh: Vokzalnaya street 136, 241017 Bryansk, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil: (4832)53-01-01 Facs: (4832)53-08-01 Ríomhphost: mail@aobemz.ru Suíomh gréasáin: http://aobemz.ru/	Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC Bryansk Electromechanical Plant. Monaraíonn sí an Krasukha: córas cogaíochta leictreonaí soghluaiste, talamhbhunaithe. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as an gcóras Krasucha le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Bryansk Electromechanical Plant ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
451.	OJSC Barnaultransmash (Барнаульский завод транспортного машиностроения)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 656037, Barnaul, Kalinina Ave. 28 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte Teil: + 7 (3852) 39-80-00 Ríomhphoist: SecrBTM@barnaultransmash.ru Suíomh gréasáin: http://www.barnaultransmash.ru/	Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é OJSC Barnaultransmash a mhonaraíonn innill díosail le haghaidh feithiclí míleata, agus is soláthróir d'fhórsaí armtha na Rúise é. Dhear agus táirgeann an chuideachta an t-inneall díosail UTD-29 a úsáidtear go príomha mar chóras tiomána don fheithicil troda coisithe BMP-3. Is iad na feithiclí sin na príomhfheithiclí troda coisithe in arm na Rúise agus bhí ról ríthábhachtach acu in ionradh na hÚcráine. Tá siad fós in úsáid ag na línte tosaigh i ngach gníomh comhraic. Dá bhrí sin, tá OJSC Barnaultransmash ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
452.	JSC “Central Research Institute of Precision Engineering” ar a dtugtar freisin TsNIITochMash (АО “Центральный научно-исследовательский институт точного машиностроения” ar a dtugtar freisin ЦНИИТОЧМАШ)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise 142181, réigiúin Mhoscó, Podolsk city, Zavodskaya str. (Klimovsk mkr.), building 2, block 707, office 66 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil.: + 7 (495) 996-59-09, +7 495 249-49-99 Facs: 996-59-10 Ríomhphost: info@cniitm.ru, 223ctm@gmail.com, ctm76@rambler.ru, tsniitochmash@podolsk.ru Suíomh gréasáin: www.cniitm.ru VK: https://vk.com/official_cniitm Facebook: https://www.facebook.com/profile.php?id=100063824414668	Tá JSC “Central Research Institute of Precision Engineering” (TsNIITochMash) mar chuid de Chorparáid Stáit “Rostec” agus tá cáil air mar gheall ar a ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla i réimse na forbartha agus an táirgthe arm agus trealaimh mhíleata do bhrainsí éagsúla de na Fórsaí Armtha na Rúise. Forbraíodh níos mó ná 150 samhail agus coimpléasc de mhionairm, airtléire, airm fritancanna, modhanna teicniúla comhraic agus armlón de chineálacha éagsúla, cuireadh barr feabhais orthu i dtáirgeadh sraitheach agus aistríodh iad lena soláthair don Arm, do na Fórsaí Aerbheirthe, don Aerfhórsa, don Chabhlach agus d’aonaid speisialta gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí faoi phríomhról JSC TsNIITochMash agus lena n-armáil. I measc na n-arm is neamhghnáiche a cruthaíodh faoi ról ceannais JSC TsNIITochMash tá airm faoi uisce (cartús SPS 4.5 mm agus piostal faoi uisce SPP-1, cartús MPS 5.66 mm agus raidhfil lámhaigh faoi uisce APS), airm chiúin (córas piostail PSS-SP4) airm chun aonaid fhrithsceimhlitheoireachta a armáil (cartús leath-uathoibríoch SSR1M le cartús SP10 / “Gyurza” /, fo-mheaisínghunna SR-2 agus an raidhfil bheagmhéide ionsaithe SR-3 / “Vikhr”), agus feisteas comhraic “Ratnik” den dara glúin. Cuimsíonn JSC TsNIITochMash aonaid taighde, dearaidh, táirgeachta agus saoráidí tástála tionscail. Dá bhrí sin, tá JSC TsNIITochMash freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
453.	JSC “Ulyanovsk Instrument Design Bureau” ar a dtugtar freisin UKBP (АО “Ульяновское конструкторское бюро приборостроения” ar a dtugtar freisin УКБП)	Seoladh: 432071, Cónaidhm na Rúise, réigiúin Ulyanovsk, Ulyanovsk city, Krymova Str. 10 “A” Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil.: + 7 (8422) 31-42-69 Facs: + 7 (8422) 41-33-84 Ríomhphost: inbox@ukbp.ru Suíomh gréasáin: http://www.ukbp.ru/	Tá JSC “Ulyanovsk Instrument Design Bureau” (JSC UKBP feasta), ina phríomhfhorbróir agus príomh-mhonaróir trealaimh leictreonaigh aerbheirthe le haghaidh aerárthaí agus héileacaptair, córas rialaithe uathoibríoch le haghaidh hidreachumhachta, comhpháirteanna gluaisteán agus trealaimh leighis. Téann stair na fiontraíochta siar go dtí an 1 Meán Fómhair 1941. Tá feiste loingseoireachta uathúil cruthaithe ag JSC UKBP, ar a dtugtar “Méadar comhpháirte treoluais Doppler, DISS”, ar feiste raidió teicniúil eitlíochta chasta é a chuireann an píolóta ar an eolas i bhfíor-am in aon dálaí aimsire faoi chomhpháirteanna an treoluais agus an veicteora gluaisne i gcoibhneas le dromchla na talún. In 2018 rinneadh tástáil ar an DISS ar héileacaptar MI-8. Cuireadh tús le táirgeadh sraitheach na feiste i mí Mheán Fómhair 2020. Bhuaigh JSC UKBP an dámhachtain náisiúnta “Priority-2017” as an aonad foirmithe faisnéise nascleanúna BNFI-1 a fhorbairt do Mi-8. Cuireann BFNI-1 faisnéis chuimsitheach ar fáil do phíolótaí faoin staid mheitéareolaíoch, faoin tír-raon agus faoi nithe saorga talún a bheith ann. In 2020, bronnadh conradh ar JSC UKBP chun córas nua taispeána sonraí a sholáthar don bhuamadóir straitéiseach nuachóirithe Tú 160M. Bhain arm na Rúise úsáid as héileacaptair Moth Mi-8 agus buamadóirí straitéiseacha Tu-160 sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Tá trealamh JSC UKBP suiteáilte ar eitleáin agus ar héileacaptair Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus Rialtas na Rúise, chomh maith le haerlínte Chónaidhm na Rúise agus tíortha eachtracha. Dá bhrí sin, tá JSC UKBP freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
454.	Armour Repair Plant Uimh. 144 ar a dtugtar freisin JSC 144 BTRZ (AO “144 БТРЗ”)	Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise 620024, Ekaterinburg, ulitsa Simkaya, d. 2 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Dáta clárúcháin: 18.5.2009 Uimhir chlárúcháin chánach: 6674331056 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is fiontar míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC Armour Repair Plant Uimh. 144 JSC a tháirgeann feithiclí armúrtha atá á n-imscaradh ag fórsaí armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Armour Repair Plant Uimh. 144 ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
455.	Armour Repair Plant Uimh. 560 ar a dtugtar freisin JSC 560 BTRZ (AO “560 БТРЗ”)	Áit chlárúcháin: 67811 Réigiún Amurskaya, Belogorskiy Rayon, Vozhaevka, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 25.5.2009 Uimhir chlárúcháin chánach: 2811005250 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is fiontar míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC Armour Repair Plant Uimh. 560 JSC a tháirgeann feithiclí armúrtha atá á n-imscaradh ag fórsaí armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Armour Repair Plant Uimh. 560 ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
456.	Burovaya Kompaniya Evraziya LLC ar a dtugtar freisin Burovaya Kompaniya Eurasia ar a dtugtar freisin BKE LLC (ООО Буровая Компания Евразия; ar a dtugtar freisin ООО БКЭ)	Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, 123298, Moscó, ulitsa Narodnogo Opolcheniya, d. 40, k. 2 Cineál eintitis Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Dáta clárúcháin: 25.11.2002 Uimhir Aitheantais Chánach: 8608049090 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Tá Burovaya Kompaniya Evraziya LLC ar cheann de na príomhchuideachtaí in earnáil fuinnimh na Rúise. Mar cheann de na cuideachtaí druileála is mó sa Rúis, cuireann Burovaya Kompaniya Evraziya LLC go mór le forbairt earnáil fuinnimh na Rúise. Dá bhrí sin, tá Burovaya Kompaniya Evraziya LLC rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
457.	Siberian Service Company JSC ar a dtugtar freisin AO Sibirskaya Servisnaya Kompany ar a dtugtar freisin AO “SSK” (AO Сибирская Сервисная Компания ar a dtugtar freisin AO “ССК”)	Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise 125284, Moscó, Leningradskiy Prospekt, d. 31a, str. 1 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Dáta clárúcháin: 20.12. 2002 Uimhir Aitheantais Chánach: 0814118403 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Tá Siberian Service Company JSC ar cheann de na príomhchuideachtaí in earnáil fuinnimh na Rúise. Tá sciar mór den mhargadh ag Siberian Service Company i seirbhísí druileála tobair ola agus cuireann sé go mór le forbairt earnáil fuinnimh na Rúise. Dá bhrí sin, tá Siberian Service Company JSC rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
458.	Neftegazpromstroy LLC ar a dtugtar freisin NGPS LLC (ООО Нефтегазпромстрой ar a dtugtar freisin ООО НГПС)	Áit chlárúcháin: 630004, Ulitsa Lenina d. 52, Novosibirsk, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Dáta clárúcháin: 27.4.2015 Uimhir Aitheantais Chánach: 5407223338 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Tá Neftegazpromstroy LLC ar cheann de na príomhchuideachtaí in earnáil fuinnimh na Rúise. Ó bunaíodh é in 2015, tá baint ag an gcuideachta le go leor píblínte gáis agus ola a thógáil agus le holacheantair a fhorbairt, rud a chuireann go mór le forbairt earnáil fuinnimh na Rúise. Dá bhrí sin, tá Neftegazpromstroy LLC rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
459.	Joint Stock Company ‘All-Russian Scientific Research Institute “Gradient” (Акционерное Общество Всероссийский Научно-Исследовательский Институт “Градиент”)	Seoladh: Prospekt Sokolova 96, Rostov-na-Donu, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil: + 7 (863)232-78-21 Facs: + 7(863)232-03-45	Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é JSC All-Russian Scientific Research Institute “Gradient”. Táirgeann sé trealamh raidió-theicniúil. Is forbróir ar choimpléasc REP ilfheidhmeach móibíleach sochta raidió-leictreonaigh Krasukha-4 é JSC All-Russian Scientific Research Institute “Gradient” atá á úsáid ag fórsaí armtha na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC All-Russian Scientific Research Institute “Gradient” ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
460.	Institute for Internet Development (IID) (Институт развития интернета (ИРИ))	Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 19.9.2014 Uimhir chlárúcháin: 1147799015231 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is eagraíocht neamhbhrabúis uathrialach í Institute for Internet Development [an Institiúid um Fhorbairt Idirlín], atá san áireamh i gclárlann na Rúise d'eagraíochtaí neamhbhrabúis atá dírithe ar an tsochaí. Cruthaíodh an Institiúid um Fhorbairt Idirlín le tacaíocht ó riarachán uachtaránachta na Rúise in 2015 agus faigheann sí cúpla billiúin Rúbal ó stát na Rúise gach bliain. In 2020, bhí Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na Rúise ar dhuine de chomhbhunaitheoirí na hInstitiúide um Fhorbairt Idirlín, institiúid arb é is cuspóir dó "ábhar a tháirgeadh agus a chur ar an idirlíon, arb é is aidhm dó féiniúlacht saoránach agus luachanna spioradálta agus morálta a neartú i measc daoine óga". Léiríonn sé seo go bhfuil an Institute for Internet Development faoi thionchar díreach Rialtas na Rúise. Maoiníonn an Institute for Internet Development tionscadail san earnáil chlosamhairc, mar shampla sraitheanna teilifíse, físchluichí agus scannáin a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tháinig méadú comhsheasmhach ar a bhuiséad ó thús ionraidh iomláin na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. Chuige sin, is gné bhunriachtanach de bholscaireacht na Creimile faoin gcogadh san Úcráin í an Institiúid um Fhorbairt Idirlín agus, dá bhrí sin, tacaíonn sí le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus cuireann sí na gníomhaíochtaí sin chun feidhme. Lena chois sin, leis an gcistiú agus leis an mbuiséad a fuarthas ó Rialtas na Rúise, baineann an Institiúid um Fhorbairt Idirlín tairbhe airgeadais as Rialtas na Rúise, an rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
461.	OJSC “Machine-building plant ‘Mayak’” (ОАО “Машиностроительный завод ‘Маяк’”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise 105318 Moscó, st. Ibragimova, 31 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte Teil: + 7(495) 899-08-11 Ríomhphost: mail@mzmayak.ru Suíomh gréasáin: https://mzmayak.ru/index.html	Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é OJSC “Machine-building plant ‘Mayak’” a sheachadann comhpháirteanna do na monarchana míleata eile a tháirgeann eitleáin mhíleata d’Aireacht Cosanta na Rúise. Tá OJSC “Mayak” mar chuid de Aviation Equipment Holding. Tá Aviation Equipment Holding ar cheann de 14 struchtúr comhtháite atá mar chuid de Rostec State Corporation. Monaraíonn “Mayak” aonaid agus ionstraimí leictreacha do scairdeitleáin trodaíochta Arm na Rúise, buamadóirí trodaíochta agus héileacaptair ionsaithe lena n-áirítear Su-25, Su-27, Su-30, MiG-31, Mi-28 agus Ka-50/52 atá á n-oibriú le linn cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá OJSC “Machine-building plant ‘Mayak’” ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
462.	JSC Kizlyar Electromechanical Plant (АО “Концерн Кизлярский электромеханический завод”; ar a dtugtar freisin АО “Концерн КЭМЗ”)	Seoladh: 1 Kutuzova str., city of Kizlyar, Republic of Dagestan, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil: 8 (87239) 2-22-77; 2-23-03 Ríomhphost: koncern_kemz@mail.ru Suíomh gréasáin: https://concern-kemz.ru/; https://kizlyar-kemz.ru/	Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC Kizlyar Electromechanical Plant. Déanann sé speisialtóireacht i bhforbairt agus i ndéantúsaíocht córas rialaithe talún agus diagnóisice aerárthaí, agus i dtáirgeadh forbhall agus trealaimh infheithicle. Táirgeann an chuideachta glas DZ-UM do throdaithe SU-25, a úsáideann fórsaí míleata na Rúise chun ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin. Comhlíonann JSC Kizlyar Electromechanical Plant orduithe cosanta stáit na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Kizlyar Electromechanical Plant freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
463.	JSC RT-Techpriemka (РТ-Техприемка)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 123557, Moscó, Electrichesky Lane, 1, building 12 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teileafón: + 7(495) 927 07 55 Ríomhphoist: info@rt-techpriemka.ru, pr@rt-techpriemka.ru, rostecsert@rt-techpriemka.ru Suíomh gréasáin https://www.rttec.ru	Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC RT-Techpriemka. Faoin chomhaontú le hAireacht Cosanta na Rúise, cuireann an chuideachta seirbhísí deimhniúcháin ar fáil do chomhpháirteanna atá tiomnaithe do chuideachtaí tionscail mhíleata. Chomh maith leis sin, táirgeann JSC RT-Techpriemka cóimhiotail mhiotail (mar shampla cineál VNS9-Sh) do chuideachtaí a tháirgeann héileacaptair Mi-26, Mi-28 agus Ka-52. Baineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid as héileacaptair Mi-26, Mi-28 agus Ka-52 i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC RT-Techpriemka ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
464.	JSC “Specchemistry”, ar a dtugtar freisin JSC “Spetschemiya”, ar a dtugtar freisin JSC “Spetschemiya”; ar a dtugtar freisin JSC “Spetskhimiya” (АО “Спецхимия”)	Seoladh: 115184, Moscó, Bolshaya Tatarskaya str. 35, bld. 5, office 110, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil.: + 7 (495) 782-30-07, + 7 (499) 782-32-51 Facs: + 7 (495) 782-30-07	Tá JSC “Specchemistry” ina chuid de chiorcad bainistíochta JSC “Tekhnodinamika” de chuid Rostec State Corporation. Is cuideachta sealbhaíochta í ag a bhfuil fiontair a dhéanann speisialtóireacht i gceimiceáin speisialta agus i bpléascáin thionsclaíocha: lena n-áirítear púdair bhalaistíocha agus breosla roicéid (ar nós Solikamsk Plant “Ural”), pléascáin, táirgí piriteicniúla, agus modhanna tionscanta luchtaithe a fhorbairt agus a tháirgeadh. Tá an JSC Specchemistry i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil mhíleata, le hairm agus armlón a tháirgeadh, agus le pléascáin agus le breosla núicléach a tháirgeadh. Úsáidtear a cuid táirgí in Uragan MLRS, Grad MLRS agus teilgeoirí gránáide fritancanna Kornet – a bhfreastalaíonn gach ceann acu ar fhórsaí na Rúise le linn a chogaidh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Specchemistry freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
465.	LLC “Automation and Programming Technologies” ar a dtugtar freisin LLC “Automation Technology and Programming”; ar a dtugtar freisin LLC “Technologies of Automation and Programming” (ООО “Технологии Автоматизации и Программирования”)	Seoladh: 195256, Cathair Pheadair, Sophia Kovalevskaya Str. 20, building 1, letter A, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Teil./Facs: + 7 (812) 244-33-19 Ríomhphoist: info-service@taip.su; ICD@taip.su Suíomh gréasáin: https://taip.su	Bunaíodh LLC “Automation and Programming Technologies” (LLC TAiP) in 2005. Déanann an sé speisialtóireacht i bhforbairt trealaimh leictreonaigh raidió agus micrileictreonaice chun críoch éagsúil. Is iad seo a leanas na príomhréimsí de ghníomhaíochtaí eolaíocha agus táirgthe LLC TAiP: forbairt agus monarú gléasanna glactha agus tarchuir sa raon ó 1 MHz go 40 GHz; bogearraí speisialta a fhorbairt; gléasanna aeróga agus coimpléisc a fhorbairt agus a tháirgeadh; agus gléasanna raidió-leictreonacha a fhorbairt agus a tháirgeadh. Tá córas “Harpoon” forbartha ag LLC TAiP, ar chórais frithdhrón é: “Harpoon-1”, “Harpoon-2M”, “Harpoon-3”; agus tá dlúthleagan an chórais á fhorbairt aige chomh maith. Baineann trúpaí na Rúise úsáid ghníomhach as gach samhail de chóras “Harpoon” le linn cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá LLC Automation and Programming Technologies freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
466.	Tallamkho Design Bureau (“Pathfinder”) ar a dtugtar freisin Tallamkho Design Bureau; ar a dtugtar freisin Tallamho Design Bureau (Конструкторское бюро “Талламхо” (“Следопыт”) ar a dtugtar freisin Конструкторское бюро “Талламхо”)	Seoladh: Grozny, Chechen Republic	Bunaíodh Tallamkho Design Bureau (“Pathfinder”) in 2022 agus tá sé lonnaithe in Grozny, Poblacht na Seisnia. Déanann an eagraíocht speisialtóireacht i bhforbairtí dhá fheidhm TF. Feidhmíonn Tallamkho Design Bureau faoi choimirce fhoireann cheann na Seisnia Ramzan Kadyrov. D’fhorbair Tallamkho an córas ar a dtugtar BUKH1a “Sova” (“Owl”), ar modhnú é ar chóras taiscéalaíochta fuaimiúil-infridhearg Peinicillin 1B75. Dhearbhaigh an chuideachta go raibh an córas ar dualgas comhraic sa chrios oibríochta míleata speisialta. Thairis sin, tá brathadóir fuaimiúil drón nua “Malik” forbartha ag Tallamkho lena úsáid sa chrios oibríochta míleata speisialta. Aimsíonn an gléas aerfheithiclí gan foireann (UAVanna) ón bhfuaim. Tá an brathadóir ar fáil i dhá leagan: ina stad le suiteáil i dtrinsí, i dtochaltáin agus i bhfeithiclí, chomh maith le leagan iniompartha, atá crochta ar veist philéardhíonach. Tá an brathadóir in ann raonaimsitheoirí, léasair PTRK agus treoracha naoscairí a bhrath freisin. Dá bhrí sin, tá Tallamkho freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
467.	JSC “L. N. Koshkin Automatic Line Design Bureau” ar a dtugtar freisin JSC “Automatic Line Design Bureau” ar a dtugtar freisin JSC “Automatic Lines Design Bureau” (Акционерное Общество “Конструкторское Бюро Автоматических Линий имени Льва Николаевича Кошкина”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 142184 réigiúin Mhoscó, Podolsk, Klimovsk mkr., Prospect 50 Let Oktyabrya 21a Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teileafón: +7 495 858 56 29 Ríomhphost: kbal@kbal.ru Suíomh gréasáin: http://www.kbal.ru/	Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é JSC “L. N. Koshkin Automatic Line Design Bureau” (KBAL). Táirgeann KBAL meaisíní agus línte cóimeála a cheadaíonn táirgeadh cartús. Úsáidtear cartúis arna dtáirgeadh ag meaisíní agus línte cóimeála KBAL i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuireann an chuideachta armlón ar fáil d’arm na Rúise faoi orduithe cosanta stáit freisin. Dá bhrí sin, tá KBAL ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
468.	JSC Moscow Machine-Building Plant “Vpered” (Московский машиностроительный завод “Вперёд”)	Seoladh: Moscó, 15 Entuzyastov proezd, 111024, an Rúis Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Teil.: + 7 (495) 673-44-27 Facs: + 7 (495) 673-36-18 Ríomhphost: company@mmz-vpered.ru Suíomh gréasáin: https://mmz-vpered.ru	Tá JSC Moscow Machine-Building Plant “Vpered” (dá ngairtear MMZ Vpered anseo feasta) ar cheann de na fiontair is sine i dtionscal eitlíochta na Rúise, atá ag feidhmiú ó 1931. Is cuideachta cheannródaíoch í an chuideachta a tháirgeann rótair deiridh agus lanna le haghaidh héileacaptair de chineál Mi, a mbaineann fórsaí armtha na Rúise úsáid fhorleathan astu le linn an fhogha iomláin faoin Úcráin. Is é Vpered an t-aon fhiontar Rúiseach a tháirgeann rótair deiridh 8-3901-000, 8-3904-000, 246-3901-000, 246-3904-000 do héileacaptair Mi-8, Mi-14, Mi-17, Mi-24 agus a modhnuithe. Dá bhrí sin, tá MMZ Vpered freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
469.	OJSC “Belarusian Optical and Mechanical Association” ar a dtugtar freisin BelOMO (ОАО “Белорусское оптико-механическое объединение”) ar a dtugtar freisin БелОМО)	Seoladh: Mionsc, Makaenka St., 23, an Bhealarúis Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte Áit chlárúcháin: Poblacht na Bealarúise Dáta clárúcháin: 24.3.1992 UNP: 100185185 OKPO: 14541426 Príomhionad gnó: Poblacht na Bealarúise Ríomhphost: belomo@belomo.by Teil.: + 375 17 348-44-71, + 375 17 272-31-63 Suíomh gréasáin: https://belomo.by	Is cuideachta faoi úinéireacht stáit é OJSC “Belarusian Optical and Mechanical Association” BelOMO a oibríonn san earnáil chosanta sa Bhealarúis, a tháirgeann agus a dhíolann treoir shúile do mhionairm, lena n-áirítear treoracha teileascópacha agus treoir shúile a bhfuil mioneangacha soilsithe ag gabháil leo. Feidhmíonn BelOMO mar chuideachta bainistíochta do roinnt eintiteas eile in earnáil na cosanta. Is fiontar de chuid an ghabháltais BelOmo é OJSC Minsk Mechanical Plant, a ainmníodh i ndiaidh Vavilov, a dhéanann sainchúram do threalamh optúil chun críche míleata. Chóimeáil sé, an gléas coinneála tiomána rothlach PVKU-210. Is mar chuid de threoir lánléargais an PVKU-210 a úsáidtear le haghaidh samhlacha forbartha do thancanna nua-aimseartha. Soláthraítear an táirge do JSC Peleng, ar eintiteas é atá faoi réir bearta sriantacha, a sholáthraíonn treoir mhíleata don mhonarcha tanc catha Rúiseach, Uralvagonzavod. Is fiontar eile de chuid an ghabháltais BelOMO é JSC “Zenit-BelOMO” Vileyka, a dhéanann sainchúram do threalamh optúil chun críoch míleata. Monaraíonn JSC “Zenit-BelOMO” treoir mhíleata, lena n-áirítear treoir mhoirtéil PM-10 agus PM-25, treoir optúil PGO-7V3 le haghaidh lansaire gránáide, treoir optúil PSO-1M2 Sniper. Úsáidtear na táirgí uile sin go forleathan agus, tá siad comhoiriúnach le harmra míleata a úsáideann an Rúis. Tá JSC Belomo LEMT EMT chuid den gabháltas BelOMO freisin. Déannan sé sainchúram do thaighde agus forbairt, táirgeadh, agus nuachóiriú feistí optaileictreonacha agus léasair le haghaidh aerfheithiclí gan foireann, córais léasair-optúla le haghaidh córais aerchosanta, agus córais chomhtháite slándála agus cosanta teorann. Táirgeann BelOMO LEMT EMT freisin treoir optúla agus córais le haghaidh armáil éadrom, raonaimsitheoirí léasair, modúil raon-aimsithe atá bunaithe ar léasair dé-óid, agus córais rialaithe lámhaigh léasair, agus go sonrach le haghaidh airm na Rúise. Onnmhairíonn LEMT freisin chuig an Rúis agus ag forbairt airm léasair nua i dteannta na Rúise. Dá bhrí sin, tá OJSC “Belarusian Optical and Mechanical Association” freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
470.	LLC Novaport Holding (ООО “Новопорт Холдинг”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 19146, Moscó, st. 1-YA Frunzenskaya, 3A, Bldg. 5 KPP: 770401001 Uimhir Aitheantais Chánach: 7704857789 Dáta clárúcháin: 2007	Is cuideachta iompair Rúiseach é Novaport Holding a oibríonn aerfoirt réigiúnacha, agus a bhfuil leasanna aige in oibriú roinnt aerfort eile. Tá aerfoirt éagsúla faoi úinéireacht agus á rith ag Novaport Holding in úsáid chomhroinnte ag Aerfhórsa na Rúise. Go háirithe, as aerfort Pskow, atá faoi úinéireacht Novaport, tá eitiltí tráchtála a théann go Simferopol sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tacaíonn Novaport le Rialtas Cónaidhme na Rúise bonneagar lóistíochta a chur ar fáil d’Aerfhórsa na Rúise agus baineann sé an bonn d’iomláine chríochach na hÚcráine trí eitiltí idir a aerfoirt agus a aerfoirt sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a chur chun cinn.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
471.	JSC Sovcomflot (ПАО Современный коммерческий флот ar a dtugtar freisin ПАО Совкомфлот)	Seoladh: 3a Moyka River Embankment, Cathair Pheadair, 191186 Cónaidhm na Rúise; 6 Gasheka Street, Moscó, 125047 Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair agus Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 1988 Uimhir chlárúcháin: 1027739028712 Teil: + 7 (495) 660-40-00 Suíomh gréasáin: https://www.sovcomflot.ru Ríomhphost: info@scf-group.ru	Is é Sovcomflot an chuideachta loingseoireachta is mó sa Rúis, a dhéanann sainchúram d'iompar gáis leachtaithe, amhola, agus táirgí peitriliam, chomh maith le seirbhísiú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh réamhtheachtach amach ón gcósta. Díríonn Sovcomflot a chuid gníomhaíochtaí ar na lastais intíre agus, déanann sé sainchúram i ngach cuid den mhargadh is gá do thrádáil eachtrach na Rúise go háirithe. Is ceannródaí é Sovcomflot maidir le tancaeir Aframax (80 000-120 000 tonna dwt) agus tancaeir táirgí. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá Sovcomflot ag feidhmiú mar cheann de na príomhchuideachtaí a bhainistíonn agus a fheidhmíonn iompar muirí ola na Rúise. Is cuideachta loingseoireachta stáit de chuid na Rúise é Sovcomflot agus, dá bhrí sin, is í Cónaidhm na Rúise tairbhí deiridh sheirbhísí na cuideachta. Cuireann na seirbhísí sin foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb ionann iad agus níos mó ná 70 % den ioncam a fhaigheann an Rúis ó fhuinneamh, rud a chuireann ar chumas na Creimile an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a mhaoiniú. Dá bhrí sin, tá Sovcomflot ag tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina theannta sin, tá Sovcomflot páirteach san earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	24.6.2024'.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
472.	JSC “Compel” ar a dtugtar freisin LSC “Kompel” (Акционерное Общество “Компэл”)	Seoladh: 109316, Cónaidhm na Rúise, Moscó, Volgogradsky Ave., 28A, pom. I, floor. 3, com. 6 Oifigí: 109052, Cónaidhm na Rúise, Moscó, Novokhokhlovskaya str., 23 bldg. 1 (Ring Park Business Park), 3rd floor 199034, Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, VO, Bolshoy Prospekt, 18, lit. A (Ionad Siopadóireachta agus Oifige Andriyivskyi) Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 12.11.1993 Uimhir chlárúcháin: 1027700032161 Príomhionad ghnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7713005406 Suíomh gréasáin: https://www.compel.ru/ Teileafón: + 7 (495) 995-0901, + 7 (812) 327-9404 Ríomhphost: msk@compel.ru, spb@compel.ru	Tá JSC Compel ar cheann de na cuideachtaí Rúiseacha is mó a sholáthraíonn comhpháirteanna agus modúil do mhonaróirí trealaimh leictreonaigh. Glacann sí páirt i scéimeanna allmháiriúcháin comhpháirteanna leictreonacha agus soláthraíonn sí comhpháirteanna micrileictreonaice a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do thionscail de chuid na Rúise lena n-áirítear an tionscal míleata. Dá bhrí sin, tá JSC “Compel” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1746/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
473.	LLC RBA Management (Общество с Ограниченной Ответственностью РБА-Менеджмент)	Seoladh: 109052, Cónaidhm na Rúise, Moscó, St. Novokhokhlovskaya, 23, building 1, office 326 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 9.7.2007 Uimhir chlárúcháin: 1077757722206 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7725611507 Suíomh gréasáin: https://www.rbamanagement.ru/ Teileafón: + 7 (495) 221-78-05 Ríomhphost: info@rbamanagement.ru	Is cuideachta bainistíochta Rúiseach é LLC RBA-Management a sholáthraíonn seirbhísí dlí, cuntasaíochta, slándála corparáidí agus seirbhísí bainistíochta eile, agus tá sé ag obair le custaiméirí a dhéanann speisialtóireacht ar sholáthar comhpháirteanna leictreonacha. Bainistíonn LLC RBA-Management JSC “Compel” agus tá baint aige mar sin le JSC “Compel” a ghlacann páirt i scéimeanna allmhairiúcháin comhpháirteanna leictreonacha agus a sholáthraíonn comhpháirteanna eachtracha atá tábhachtach go straitéiseach do thionscail na Rúise (lena n-áirítear an tionscal míleata). Ós rud é gurb é LLC “RBA-Management” eagraíocht bainistíochta JSC “Compel”, tá sé freagrach as a gníomhaíochtaí agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024’.